



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 1 Iúil 2022
(OR. en)

10587/22

**Comhad Idirinstitiúideach:
2022/0206(NLE)**

**EDUC 257
SOC 426
EMPL 285
JEUN 137**

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	30 Meitheamh 2022
chuig:	Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2022) 316 final
Ábhar:	Togra le haghaidh MOLADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le Conairí i dtreo na Rathúlachta Scoile

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 316 final.

Faoi iamh: COM(2022) 316 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 30.6.2022
COM(2022) 316 final

2022/0206 (NLE)

Togra le haghaidh

MOLADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir le Conairí i dtreo na Rathúlachta Scoile

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

{SWD(2022) 176 final}

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

‘Ba mhaith liom go ndéanfadh an Eoraip a dícheall chun tuilleadh a bhaint amach i dtaca leis an gcothroime shóisialta agus an rathúnas. Is é sin gealltanais bunaidh ár nAontais’

An tUachtarán von der Leyen, Treoirlínte Polaitiúla

Tá ról ríthábhachtach ag córais oideachais agus oiliúna maidir le sochaithe níos cothroime, níos cuimsithí agus níos rathúla a dhéanamh de shochaithe na hEorpa, agus sin an ról ba cheart a bheith acu. Is féidir leis an oideachas an comhtháthú sóisialta a neartú agus gilleagar níos athléimní a dhéanamh de gheilleagar an Aontais: léirítear i dtaighde, má tá rochtain ag leanaí agus ag daoine óga ar oideachas ar ardchaighdeán, go gcabhraíonn sin maidir le dul i ngleic leis an dífhostaíocht agus tarchur na bochtaineachta ó ghlúin go glúin a chosc. Ní féidir na spriocanna sin a bhaint amach, áfach, ach amháin más córais fhíorchothroma fhíorchuimsitheacha iad na córais oideachais agus oiliúna. Ní mór do scoileanna a áirithiú go mbeidh an deis ag gach foghlaimoir a bheith rathúil agus a acmhainneacht a bhaint amach, gan beann ar a shaintréithe pearsanta¹, nó ar a chúlra teaghlaigh, cultúrtha agus socheacnamaíoch. Léirítear an méid sin freisin i bPrionsabail 1 agus 11 de **Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta**².

Is iad **torthaí oideachais** is mó a dhéanann saol fásta cothrom sláintiúil rathúil a thuar, i dtéarmaí an eolais, na scileanna agus na ndearthaí a fhorbraítear le linn na scolaíochta. Agus na torthaí sin á dtomhas i dtéarmaí ‘gnóthachtálacha oideachais’³ agus ‘leibhéal oideachais’⁴, is iad a leagann an bhunchloch le haghaidh tuilleadh foghlama, fostaíocht amach anseo agus saol sásúil. Gné fhíor-riachtanach d’fhorbairt acadúil agus phearsanta foghlaimoirí is ea bunscoileanna a shealbhu (litearthacht, matamaitic agus eolaíocht)⁵, agus na scileanna agus inniúlachtaí a ghnóthaítear tríd an oideachas meánscoile uachtaraí, féachtar orthu níos mó agus níos mó mar dhintiúir íosta le haghaidh fostaíochta nó mar bhunús le foghlaim bhreise agus saol sásúil. Mar sin féin, imríonn pátrúin shocheacnamaíoch agus srathú tionchar láidir ar eispéiris agus torthaí oideachais daoine aonair; tá ró-ionadaíocht ar fhoghlaimoirí ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste i measc foghlaimoirí nach mbaineann barr a gcumais amach, agus is mó an dóchúlacht go n-imeoidh siad ón oideachas agus oiliúint gan cháilíocht meánscoile

¹ Féach an anailís iomlán sa Doiciméad Inmheánach Oibre.

² https://ec.europa.eu/info/strategy/priorities-2019-2024/economy-works-people/jobs-growth-and-investment/european-pillar-social-rights/european-pillar-social-rights-20-principles_en

³ Leis an ngnóthachtáil oideachais, díreann ar dhul chun cinn foghlama na bhfoghlaimoirí agus ar an litearthacht fheidhmiúil atá acu dáiríre, amhail léitheoireacht scríbhneoireacht, uimhearthacht agus cumas eolaíochta (bunscoileanna).

⁴ Leis an leibhéal oideachais, tagraítear do leibhéal shonracha oideachais a bhaint amach go rathúil, amhail oideachas bunscoile, oideachas meánscoile íochtaraí nó oideachas meánscoile uachtaraí.

⁵ Tá na bunscoileanna le tuiscint de réir Chlár Idirnáisiúnta um Measúnú Daltaí (PISA) na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE), lena dtomhaistear cumas daltaí in aois a 15 bliana a gcuid eolais agus scileanna léitheoireachta, matamaitice agus eolaíochta a úsáid chun aghaidh a thabhairt ar fhíordhúshláin saoil. Mar sin, is é atá i gceist le daltaí nach bhfuil barr a gcumais á bhaint amach acu na daltaí in aois a 15 bliana atá fós san oideachas, nach n-éiríonn leo leibhéal inniúlachta 2 PISA ECFE a bhaint amach, leibhéal a bheith mar an t-íosleibhéal is gá chun páirt a ghlacadh go rathúil sa tsochaí. Cé go bhfuil scileanna digiteacha le meas i measc na mbunscoileanna, ní thugtar aghaidh orthu go díreach le Conairí i dtreo na Rathúlachta Scoile, mar gur cuid lárnach iad cheana de thionscnaimh eile amhail an Plean Gníomhaíochta don Oideachas Digiteach.

uachtaraí. Sin an fáth ar príomhspríocanna an chomhair Eorpaigh san oideachas agus san oiliúint iad **an sciar de dhaltáí atá lagchumasach sna bunscoileanna a laghdú** agus cur i gcoinne **luathfhágáil an oideachais agus na hoiliúna**.⁶ Le Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an **Limistéar Eorpach Oideachais** a bhaint amach faoi 2025⁷, fógraítear ‘Conairí i dtreo na Rathúlachta Scoile’ mar thionscnamh suaitheanta chun borradh a chur faoi ghné chuimsitheach an oideachais, ar sprioc é sin a roinneadh sa tuarascáil chríochnaitheach ón gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa i mí Bhealtaine 2022, lena n-éilítear ‘*Limistéar Oideachais Eorpach cuimsitheach ina mbeidh rochtain chomhionann ag na saoránaigh uile ar oideachas ar ardchaighdeán ...*’. Leis an tionscnamh ‘Conairí i dtreo na Rathúlachta Scoile’ cuirtear i dtábhacht gnóthachtáil íseal sna bunscoileanna a laghdú agus tríd an leibhéal oideachais meánscoile a mhéadú. Tacaíonn an Rún ón gComhairle maidir le creat straitéiseach le haghaidh comhar Eorpach san oideachas agus san oiliúint i dtreo an Limistéir Eorpaigh Oideachais agus níos faide anonn (2021–2030)⁸ leis an mbeart sin agus leagtar amach ann **spríocanna ar leibhéal an Aontais le haghaidh 2030**: ba cheart an sciar de dhaltáí 15 bliana d’aois atá lagchumasach sa léitheoireacht, sa mhatamaitic agus san eolaíocht a bheith níos lú ná 15 %⁹ agus an sciar de luathfhágálaithe oideachais agus oiliúna a bheith níos lú ná 9 %¹⁰.

Sa chomhthéacs sin, tá an Coimisiún ag cur togra chun tosaigh le haghaidh Moladh ón gComhairle maidir le Conairí i dtreo na Rathúlachta Scoile. Cuirfear an Moladh atá beartaithe in ionad **Mholadh 2011 ón gComhairle maidir le beartais chun luathfhágáil na scoile a laghdú**¹¹, moladh a dhéanfar a aisghairm freisin, agus san am céanna cuirfear leis an taithí a gnóthaíodh le linn do Mholadh 2011 a bheith á chur chun feidhme. Ó glacadh Moladh 2011 ón gComhairle, tá aghaidh tugtha ag tíortha na hEorpa ar staideanna, dúshlán agus deiseanna nua atá tar éis tionchar domhan a imirt ar chórais oideachais agus oiliúna, lena n-áirítear líon na n-imirceach ag aois scoile nach as an Aontas dóibh, dídeanaithe san áireamh¹², atá tagtha chuig an Aontas, agus paindéim COVID. Cúis inní atá tagtha chun cinn go mór sa dioscúrsa faoi bheartais is ea an treocht chun donachta maidir le feidhmíocht sna bunscoileanna (mar a léirigh torthaí PISA 2018). Tá léargais nua agus comhar beartais ar leibhéal an Aontais curtha ar fáil sa taighde oideachais agus tá bearnaí agus réimsí tugtha chun suntais ina bhfuil gá le tuilleadh oibre, rud a fhágann gurb iomchuí Moladh 2011 ón gComhairle a athbhreithniú, a thabhairt cothrom le dáta agus a fheabhsú. Tá raon feidhme níos leithne ag an togra nua ós rud é go dtugann sé aghaidh go comhuaineach ar an dá sprioc ar leibhéal an Aontais maidir le bunscoileanna agus luathfhágáil an oideachais agus na hoiliúna. Is léiriú é sin ar chomhlántacht an dá dhúshlán sin, ar na gnéithe is bonn leo agus ar na bearta chun dul i ngleic leo. Ina theannta sin, leathnaítear an pheirspictíocht leis an togra le go dtabharfaí aghaidh ar ghnéithe

⁶ Le táscaire ‘luathfhágáil an oideachais agus na hoiliúna’ (ELET) an Aontais, tomhaistear an cion de dhaoine idir 18 agus 24 bliana d’aois a bhfuil oideachas ag an leibhéal meánscoile íochtaraí, ar a mhéad, bainte amach acu (i.e. leibhéil ISCED 0–2) nach bhfuil ag gabháil a thuilleadh d’oideachas agus oiliúint fhoirmiúil ná seachfhoirmiúil.

⁷ COM(2020)625 final.

⁸ IO C 66, 26.2.2021.

⁹ Is é Clár Idirnáisiúnta um Measúnú Daltáí (PISA) ECFE an fhoinse sonraí.

¹⁰ Is é Eurostat, Suirbhé an Aontais ar an bhFórsa Saothair, an fhoinse sonraí. Beidh an príomhtháscaire sin á chomhlánú ag táscaire tacaíochta maidir leis an leibhéal oideachais meánscoile uachtaraí, lena dtomhaisfear an sciar de dhaoine idir 20 agus 24 bliana d’aois a bhfuil cáilíocht mheánscoile uachtaraí ar a laghad acu trí shonraí arna geur ar fáil trí Shuirbhé Eurostat an Aontais ar an bhFórsa Saothair.

¹¹ IO C 191, 1.7.2011, *lch. 1–6*.

¹² Sa téacs seo, is sa chiall leathan pholaitiúil a úsáidtear an téarma ‘dídeanaí’ seachas de réir mar a shainmhínítear é i gCoinbhinsiún na Ginéive agus in *acquis* an Aontais maidir le cúrsaí tearmainn.

eile nár cumhdaíodh cheana agus a bhfuil tionchar láidir acu ar thorthaí oideachais, amhail folláine ar scoil.

- **Dúshlán nach mór aghaidh a thabhairt orthu leis an Moladh ón gComhairle atá beartaithe**

Tá obair fhorleathan déanta ar an leibhéal Eorpach agus sna Ballstáit ó glacadh an Moladh ón gComhairle in 2011 maidir le beartais chun luathfhágáil na scoile a laghdú. I measúnú neamhspleách ar chur chun feidhme an Mholta¹³, tugtar léargas dearfach foriomlán ar thionchar an mholta seo agus ionstraimí beartais gaolmhara an Aontais (sásraí faireacháin agus tuairiscithe laistigh den Seimeastar Eorpach; ar fhoghlaim agus comhar frithpháirteach idir na Ballstáit faoi chuimsiú ET2020; ar an gcistiú, go háirithe trí Erasmus+ agus trí Chistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa; ar infheistíocht sa taighde agus sa chumarsáid). Is é conclúid an mheasúnaithe go bhfuil cur chun feidhme an Mholta ón gComhairle tar éis rannchuidiú leis **an ráta luathfhágálaithe oideachais agus oiliúna (ELET) a laghdú ar leibhéal an Aontais** (ó 13.4 %¹⁴ in 2011 go dtí 9.7 % in 2021, agus tá sé tar éis athruithe a spreagadh laistigh d'institiúidí agus de bheartais oideachais.

D'ainneoin an dul chun cinn mhóir sin, áfach, **is dúshlán beartais san Eoraip fós í luathfhágáil an oideachais agus na hoiliúna, dúshlán atá tromchúiseach go háirithe i roinnt tíortha agus réigiúin agus le haghaidh spriocghrúpaí sonracha.** Sa lá atá inniu ann, is luathfhágálaithe oideachais agus oiliúna iad breis agus 3.2 milliún duine óg san Aontas Eorpach (18–24 bliana d'aois) agus níl oideachas meán scoile uachtaraí bainte amach ach ag 84.3 % (de dhaoine 20–24 bliana d'aois). Tá difríochtaí nach beag ann fós idir tíortha agus laistigh díobh, agus tá neamhionannas ann fós i measc grúpaí sonracha den daonra: an meánsciar de luathfhágálaithe oideachais agus oiliúna, is airde é faoi 3.5 pointe céatadán i measc na bhfear óg (11.4 %) ná i measc na mban óg (7.9 %)¹⁵ agus tá míbhuntáistí suntasacha ann le haghaidh daoine óga agus foghlaimeoirí nár rugadh sa tír ina maireann siad más i mbuachbhailte sonracha agus i gceantair thuaithe agus iargúlta atá cónaí orthu¹⁶. Ar an iomlán, bíonn tionchar láidir ag cúlra socheacnamaíoch na bhfoghlaimeoirí ar luathfhágáil an oideachais agus na hoiliúna¹⁷.

Mar sin féin, cuireadh i dtábhacht sa mheasúnú freisin roinnt **bearnaí agus réimsí ina bhfuil gá le tuilleadh oibre:**

- Is minic gur bearta agus gníomhaíochtaí gearrthéarmacha, bunaithe ar thionscadail a bhíonn i gceist, a mbíonn aghaidh á dtabhairt acu ar aon

¹³ An Coimisiún Eorpach, an Ard-Stiúrthóireacht um Oideachas, an Óige, Spórt agus Cultúr (2019), Donlevy, V., Day, L., Andriescu, M., Downes, P., *Measúnú ar chur chun feidhme Mholadh 2011 ón gComhairle maidir le beartais chun luathfhágáil na scoile a laghdú: tuarascáil chriochnaitheach*, Oifig na bhFoilseachán.

¹⁴ AE28. Is é 13.2 % luach AE27.

¹⁵ Sonraí 2021.

¹⁶ Foghlaimeoirí a rugadh lasmuigh den tír thuairiscithe, is mó fós an baol gur luathfhágálaithe oideachais agus oiliúna a bheidh iontu (22.4 %), go háirithe má bhí an tír sin lasmuigh de AE27 (23.2 %). Is airde ar an meán an dóchúlacht go bhfágfaidh fir óga a rugadh lasmuigh de AE27 an t-oideachas agus oiliúint (25.2 %) ná mná óga a rugadh lasmuigh de AE27 (20.9 %). Tá ról ag an leibhéal uirbithe freisin, agus is i gcathracha atá na sciartha is ísle luathfhágálaithe oideachais agus oiliúna ar an meán (8.6 %). Cé gur dóchúla fir óga i mbailte agus i mbuachbhailte a bheith ina luathfhágálaithe oideachais agus oiliúna (13.5 %) ná fir óga i gceantair thuaithe (11.7 %), tá mná óga i mbaol níos airde i gceantair thuaithe (9.2 %) ná i mbailte agus buachbhailte (8.7 %). Is fiú a thabhairt faoi deara gur scéal an-éagsúil ó Bhallstát go chéile atá taobh thiar de na meáin Aontais sin. Tagraíonn na sonraí sin do 2020.

¹⁷ Tá anailís chríochnúil ar na treochtaí le fáil sa Doiciméad Inmheánach Oibre agus i bhFaireachán ar Oideachas agus Oiliúint 2021.

saincheist amháin, nó nach gcuireann na gnéithe scoile uile san áireamh, rud a fhágann gur teoranta an tionchar a bhíonn acu; tá gá le cuir chuige níos sistéamaí ar leibhéal na scoile agus ar leibhéal an chórais araon toisc nach bhfuil forbairt leormhaith déanta fós maidir leis na cuir chuige atá ann faoi láthair;

- In an-chuid tíortha, níl faireachán agus meastóireacht leormhaith á ndéanamh ar na bearta beartais atá curtha chun feidhme;
- An comhar i réimsí beartais éagsúla trí chéile (amhail oideachas agus oiliúint, sláinte, seirbhísí sóisialta, fostaíocht, tithíocht, ceartas, cuimsiú imirceach lena n-áirítear dídeanaithe, neamh-idirdhealú) agus na leibhéil rialtais (náisiúnta, réigiúnach, áitiúil), chomh maith le hidirphlé le páirtithe leasmhara, tá siad fós rótheoranta agus róscaipthe;
- Cé go bhfuil bearta cúiteacha seanbhunaithe ann, in an-chuid tíortha, níl na gníomhaíochtaí coisctheacha agus luath-idirghabhála forbartha go leormhaith, é sin nó tá siad easnamhach ó thaobh cur chun feidhme/forfheidhmithe de;
- Is rómhínic nach dtugtar aghaidh ar riachtanais grúpaí ar leith (grúpaí amhail foghlaimeoirí a bhfuil míchumais infheicthe agus dhofheicthe orthu, foghlaimeoirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais nó saincheisteanna meabhairshláinte acu, foghlaimeoirí a mbaineann cúlra imirceach leo, lena n-áirítear dídeanaithe, foghlaimeoirí a bhaineann le mionlaigh eitneacha amhail na Romaigh, íospartaigh na bulaíochta); tá an méid sin tromchúiseach go háirithe le haghaidh foghlaimeoirí ag a bhfuil riachtanais chasta (amhail leanaí a bhfuil tuismitheoir dá gcuid sa phríosún, íospartaigh foréigin teaghlaigh, leanaí faoi chúram, srl.);
- Na bearta atá dírithe ar dhul i ngleic le deacrachtaí foghlama, níl siad comhtháite go leormhaith le bearta lena gcuirtear an fholláine ar scoil chun cinn ná le bearta maidir leis an mbulaíocht agus leis an meabhairshláinte;
- Is minic nach mbíonn baint leormhaith ag foghlaimeoirí, teaghlaigh agus príomhpháirtithe leasmhara (lena n-áirítear tuismitheoirí atá eisiata go sóisialta, pobail imirceach agus eagraíochtaí neamhrialtasacha) i gceapadh, cur chun feidhme agus meastóireacht beartais;
- Is minic nach bhfuil ceannairí scoile, múinteoirí, oiliúnóirí agus baill foirne oideachais eile ullmhaithe go leor chun aghaidh a thabhairt ar thearcghnóthachtáil agus luathfhágáil an oideachais agus na hoiliúna, chun éagsúlacht a chur san áireamh, chun tacaíocht iomchuí a thabhairt do leanaí a bhfuil deacrachtaí acu nó atá faoi mhíbhuntáiste nó d'fhoghlaimeoirí a bhfuil riachtanais folláine agus mheabhairshláinte acu.

Tá iarrachtaí nach beag déanta le deich mbliana anuas chun luathfhágáil an oideachais agus na hoiliúna a laghdú, go háirithe tar éis ghlacadh Mholadh 2011 ón gComhairle. Le fíorghairid, tá an **tearcghnóthachtáil sna bunscileanna** tugtha chun suntais sa díospóireacht beartais ar leibhéal an Aontais, go háirithe ó foilsíodh torthaí Chlár Idirnáisiúnta um Measúnú Daltaí

(PISA) ECFE 2018¹⁸, ina léirítear **treocht chun donachta** ar leibhéal an Aontais le linn na tréimhse 2009–2018¹⁹. Léiríonn PISA 2018 an méid seo a leanas go háirithe:

- Sa lá atá inniu ann, **is tearcghnóthachtaí duine as cúigear Eorpach in aois a 15 bliana** (i gcás 22.5 % díobh, ní féidir leo buntascanna a dhéanamh sa léitheoireacht, 22.9 % díobh sa mhatamaitic agus 22.3 % san eolaíocht). Níl feabhas ag teacht ar mheán an Aontais agus tá éagsúlachtaí móra i measc na mBallstát, cé gur éirigh le roinnt tíortha feabhas a chur ar a bhfeidhmíocht le himeacht ama.
- Déanann an cúlra socheacnamaíoch difear mór d’fheidhmíocht agus d’ionchais acadúla na ndaltaí sa chuid is mó de tíortha an Aontais. Thairis sin, is gnách freisin go mbíonn bearnaí feidhmíochta móra idir daltaí ó chúlra socheacnamaíoch faoi bhuntáiste agus daltaí ó chúlra socheacnamaíoch faoi mhíbhuntáiste i dtíortha ina bhfuil sciar mór tearcghnóthachtálaithe.
- An cion tearcghnóthachtálaithe sa léitheoireacht i measc daltaí a bhfuil cúlra imirceach acu (mar a shainmhínítear in PISA ECFE)²⁰, tá sé i bhfad níos airde ná i measc daltaí nach bhfuil cúlra imirceach acu in an-chuid Ballstát den Aontas²¹.
- Ar an iomlán, tíortha ina bhfuil cion íseal tearcghnóthachtálaithe, is iondúil go mbíonn cion ard gníomhaithe den scoth acu freisin, rud a thugann le fios gur féidir leis an mbarr feabhais a bheith fite fuaite i gcothroime na gcóras oideachais scoile²².
- Cruthaíonn cailíní i bhfad níos fearr ná buachaillí maidir le hinniúlacht léitheoireachta, agus tá bearna inscne leanúnach ann i bhfabhar cailíní san eolaíocht²³. Deimhnítear an méid sin le sonraí náisiúnta, a léiríonn freisin gur dóchúla buachaillí a bheith as láthair ón scoil ná cailíní.²⁴

¹⁸ Gach 3 bliana, tomhaistear le PISA cumas daltaí 15 bliana d’aois a n-eolas agus a scileanna léitheoireachta, matamaitice agus eolaíochta a úsáid chun aghaidh a thabhairt ar fhíordhúshláin saoil.

¹⁹ Tá anailís chríochnúil ar na treochtaí le fáil sa Doiciméad Inmheánach Oibre agus i bhFaireachán ar Oideachas agus Oiliúint 2021.

²⁰ Leis an gcoincheap ‘daoine a bhfuil cúlra imirceach acu’, áirítear imircigh agus leanaí dá gcuid a rugadh sa tír ina maireann siad (‘an dara glúin’ mar a thugtar orthu). Cé go measann an Coimisiún nach bhfuil in imircigh ach náisiúnaigh tríú tír, i sainmhíniú PISA ECFE ar dhaltaí a bhfuil cúlra imirceach acu, áirítear na daltaí uile a rugadh i dtír eachtrach (san Aontas agus lasmuigh den Aontas araon), chomh maith le daltaí a rugadh sa tír ina maireann siad agus ar rugadh a dtuismitheoirí i dtír eachtrach.

²¹ Is measa an scéal de ghnáth i gcás daltaí sa tír ina maireann siad ar rugadh a dtuismitheoirí i dtír eachtrach. Is minic a bhíonn stádas socheacnamaíoch faoi mhíbhuntáiste ann i dteannta cúlra imirceach.

²² An Coimisiún Eorpach, an Ard-Stiúrthóireacht um Oideachas, an Óige, Spórt agus Cultúr (2019), *PISA 2018 agus an tAontas: Ag dréim le cothroime shóisialta a bhaint amach tríd an oideachas*, Oifig na bhFoilseachán, <https://data.europa.eu/doi/10.2766/964797>. Féach an Doiciméad Inmheánach Oibre chun anailís chríochnúil a fháil.

²³ Maidir leis an matamaitic, tá scéal níos meastha ann, agus léiríonn sonraí PISA 2018 go gcruthaíonn buachaillí beagáinín níos fearr ná cailíní ar an meán, ach go bhfuil an bhearna á giorrú de réir a chéile: cruthaíonn cailíní níos fearr ná buachaillí i níos mó agus níos mó tíortha. Féach ECFE (2019) *Torthaí PISA 2018 (imleabhar II) – Where all students can succeed* [An chaoi ar féidir le gach dalta a bheith rathúil]. PISA, foilsitheoireacht ECFE. Ar fáil ag: https://www.oecd-ilibrary.org/education/pisa-2018-results-volume-ii_b5fd1b8f-en.

²⁴ ECFE (2015). *The ABC of Gender Equality in Education*. [ABC Thábhacht an Chomhionannais Inscne san Oideachas] *Aptitude, Behaviour, Confidence*. [Bunfhírictí an Chomhionannais Inscne san Oideachas. Inniúlacht, Iompar, Muinín] PISA, foilsitheoireacht ECFE. Ar fáil ag: <https://www.oecd-ilibrary.org/docserver/9789264229945->

Ina theannta sin, léiríonn torthaí an International Computer and Information Literacy Study (ICILS)²⁵ [Staidéir Idirnáisiúnta ar an Litearthacht Ríomhaireachta agus Faisnéise] 2018 **nach bhfuil bunscileanna digiteacha ag an gcúigiú cuid de na daoine óga san Aontas**, agus nochtar ann freisin tionchar an stádais shocheacnamaíoch ar an litearthacht dhigiteach: ar an meán, bíonn scóir litearthachta ríomhaireachta agus faisnéise níos airde ag daltaí ó chúlra lena mbaineann stádas shocheacnamaíoch níos airde, agus bíonn scóir níos airde freisin ag daltaí ag a bhfuil tuismitheoir a bhain céim Bhaitisiléara nó níos airde amach ná mar atá ag daltaí nach bhfuil céim ag a dtuismitheoirí.

Sa Straitéis Eorpach maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas 2021–2030, chun tacú leis na Ballstáit agus Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas á chur chun feidhme acu, coinbhinsiún a bhfuil gach Ballstát ina pháirtí de,²⁶ díríonn an Coimisiún aird ar an mbearna maidir le leibhéal oideachais idir daoine óga atá faoi mhíchumas agus daoine óga nach bhfuil, mar thoradh ar easpa cuimsitheachta agus easpa rochtana ar an gcóras oideachais. Tá go leor leanaí agus daoine óga faoi mhíchumas cláraithe i scoileanna speisialta nach gcuireann naisc éifeachtacha ar fáil i gcónaí chuig an oideachas príomhshrutha.

Sna torthaí PISA is déanaí, tugtar léargas freisin ar easnaimh bhreise sna córais oideachais, easnaimh ar cúis inní den chineál céanna iad, a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar thorthaí oideachais: **tá laghdú ag teacht ar fholláine na ndaltaí ar scoil²⁷ (arna tomhas mar bhraistint na ndaltaí gur páirt de shaol na scoile iad) agus tá an bhulaíocht/an chibearbhulaíocht forleathan, agus í ag dul i méid²⁸**. Is follasach ón taighde go mbíonn iarmhairtí millteanacha ag an mbulaíocht sa scoil ar fholláine agus ar ghnóthachtálacha acadúla foghlaimoírí agus go méadaítear dá barr an riosca go bhfágfadh daltaí an scoil go luath²⁹. Deimhnítear le taighde freisin gur **gné ríthábhachtach i dtaca le feabhas a chur ar thorthaí oideachais³⁰ is ea folláine na bhfoghlaimoírí a fheabhsú**, lena n-áirítear an méid sin a dhéanamh trí oideachas sóisialta agus mothúchánach³¹ agus trí bhulaíocht a chosc. Is saincheisteanna nach beag anois iad folláine mhothúchánach agus meabhairshláinte na leanaí agus na ndaoine óga san Eoraip, óir bíonn fadhbanna meabhairshláinte ag 10 % go 20 % de leanaí scoile le linn a mblianta scoile, fadhbanna a thagann chun cinn le haghaidh leath díobh roimh 14 bliana d'aois, go háirithe inní agus dúlagar. Fadhb ollmhór é sin a dhéanann difear do thorthaí oideachais. Mura féidir le scoileanna na fadhbanna sin a réiteach ina n-aonar, is

[en.pdf?expires=1610634769&id=id&accname=guest&checksum=66B1763A84CB2A7C21B3829FBC7B8E3B](https://www.ica.nl/news-events/news/icils-2018-results)

²⁵ <https://www.ica.nl/news-events/news/icils-2018-results>

²⁶ COM(2021) 101 final: Union of Equality: Strategy for the Rights of Persons with Disabilities 2021–2030. [Aontas an Chomhionannais: Straitéis maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas 2021–2030].

²⁷ Coincheap na ‘folláine’ ar scoil, is coincheap casta í, a chuimsíonn an-chuid gnéithe (lena n-áirítear sláinte choirp, mhothúchánach agus mheabhrach). Tugtar sainmhínte i ngluais an Doiciméid Inmheánaigh Oibre.

²⁸ De réir PISA 2018, thuiriscigh breis is dalta amháin as gach cúigear in 19 mBallstát san Aontas go raibh bulaíocht á déanamh orthu cúpla uair sa mhí ar a laghad. Thairis sin, tháinig méadú mór ar an gcéatadán de dhaltaí a raibh bulaíocht á déanamh orthu i bhformhór na dtíortha idir 2015 agus 2018.

²⁹ Féach <https://www.oecd-forum.org/posts/can-children-believe-in-us-to-invest-in-mental-health>

³⁰ Deimhnítear le fianaise ó Trends in International Mathematics and Science Study (TIMSS) [Treochtaí maidir le Staidéar Matamaitice agus Eolaíochta] 2019 agus ó PISA 2018 go bhfuil baint go ginearálta ag leibhéal níos airde folláine (arna tomhas mar bhraistint na ndaltaí gur páirt de shaol na scoile iad) le huailmhianta oideachais níos airde, le neamhláithreachta níos ísle agus le torthaí foghlama níos fearr sa mhatamaitic.

³¹ Tá an fhoghlaim shóisialta agus mhothúchánach ina cuid de na hocht inniúlacht lárnacha don fhoghlaim ar feadh an tsaoil (‘inniúlacht phearsanta agus shóisialta agus inniúlacht maidir le foghlaim conas foghlaim’) arna sainmhíniú sa Mholadh ón gComhairle an 22 Bealtaine 2018 maidir le príomhinniúlachtaí don fhoghlaim ar feadh an tsaoil, IO C 189, lch. 1–13.

féidir leo aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna folláine agus meabhairshláinte i gcomhar le gairmithe agus gníomhaireachtaí pobail áitiúla agus seachtracha³².

Is iad an bhochtaineacht agus cúinsí socheacnamaíocha an snáithe nasctha atá ina mbunús leis na dúshlán sin: is é **cúlra socheacnamaíoch na bhfoghlaimoirí agus a muintir fós an deitármanant is láidre de thorthaí oideachais**, agus léiríonn sé riosca leanúnach go ndéanfar an míbhuntáiste agus an laghdú ar an tsoghluaisteacht shóisialta in airde a tharchur ó ghlúin go glúin i gcás foghlaimoirí ó chúlraí lena mbaineann míbhuntáiste.

Deimhnítear leis na torthaí ó thaighde idirnáisiúnta agus ó aiseolas a fuarthas mar thoradh ar an bpróiseas comhairliúcháin a bhí ann roimh an togra seo **go bhfuil gá le haghaidh a thabhairt go comhpháirteach ar ghnóthachtáil san oideachais agus ar leibhéal oideachais**. Is saincheisteanna idirnasctha iad an tearcfheidhmíocht sna bunscoilleana agus i scileanna digiteacha agus luathfhágáil an oideachais agus na hoiliúna, saincheisteanna a bhíonn á spreagadh ag meascán d'fhachtóirí (fachtóirí aonair, teaghlaigh, sóisialta agus eacnamaíocha, etc.). Na nithe is cúis le spreagadh na saincheisteanna sin, ní leis an oideachas amháin a bhaineann siad; mar sin féin, tá sainghnéithe de na córais oideachais agus oiliúna (amhail rochtain theoranta ar oideachas agus cúram luath-óige ar ardchaighdeán, sannadh luath leanaí do rianta oideachais éagsúla, leithscaradh, athdhéanamh grád, scolaíocht speisialta etc.)³³ a chuireann le minicíocht na saincheisteanna sin agus a mbíonn tionchar diúltach ar leith á n-imirt acu ar leanaí i ngrúpaí faoi mhíbhuntáiste.

Tá géarchéim **COVID** tar éis na dúshlán sin a dhéanamh níos mó fós. Cé go mbeidh níos mó ama agus oibre ag teastáil chun measúnú a dhéanamh ar thionchar fadtéarmach na míshocrachta scoile fadtréimhsí ar an dul chun cinn foghlama agus acadúil, tugtar le fios i roinnt réamhstaidéar go bhféadfadh gur chuir an ghéarchéim bac ar dhul chun cinn na bhfoghlaimoirí agus gur mhéadaigh sí an dóchúlacht, i gcás leanaí a bhí i mbaol tarraingt siar ón scoil, go n-éireoidís as an scoil dáiríre. Léirítear iontu freisin go raibh iarmhairtí diúltacha ag an ngéarchéim ar fholláine an fhoghlaimora, i measc nithe eile, mar gheall ar mhéadú ar an strus agus ar an inní mar thoradh ar aonrú agus easpa teagmhála le piaraí, nochtadh méadaithe ar fhoréigean teaghlaigh agus rochtain laghdaithe ar sheirbhísí riachtanacha. Is iad leanaí a bhí imeallaithe go socheacnamaíoch, a raibh leibhéal oideachais níos ísle acu roimh an bpaindéim, is mó a bhí thíos leis le linn na ndianghlasálacha³⁴, agus áiríodh leis sin easpa rochtana ar na gléasanna idirlín agus/nó na gléasanna leictreonacha a raibh gá leo le haghaidh na foghlama fíorúla³⁵. Mar thoradh air sin, **d'fhéadfadh go raibh méadú suntasach ar sciar na bhfoghlaimoirí tearcfheidhmíochta san Eoraip le linn na paindéime**. Ar an gcaoi

³² An Coimisiún Eorpach, an Ard-Stiúrthóireacht um Oideachas, an Óige, Spórt agus Cultúr, Simões, C., Caravita, S., Cefai, C., *A systemic, whole-school approach to mental health and well-being in schools in the EU: analytical report*, 2021 [Cur chuige córasach uilescoile i leith meabhairshláinte agus folláine i scoileanna san Aontas Eorpach: tuarascáil anailiseach, 2021], <https://data.europa.eu/doi/10.2766/50546>

³³ Coimisiún Eorpach/EACEA/Eurydice (2020), *Equity in school education in Europe: structures, policies and student performance* [An chothroime in oideachas scoile na hEorpa: struchtúir, beartais agus feidhmíocht daltaí], Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh.

³⁴ Tá anailís chríochnúil agus tagairtí le fáil sa Doiciméad Inmheánach Oibre.

³⁵ Mar shampla, le linn ghéarchéim COVID, bhí na pobail Romacha, ar pobail iad atá eisiata agus faoi mhíbhuntáiste, neamhchosanta ar thionchar sláinte agus socheacnamaíoch an-diúltach. Sa Mholadh ón gComhairle maidir le Comhionannas, Cuimsiú agus Rannpháirtíocht na Romach in 2021, moltar na héagothromaíochtaí struchtúracha atá roimh na Romach a laghdú trí dhul i ngleic, i gcás inarb ábhartha, leis an easpa saoráidí agus scileanna digiteacha lena gcuirfí ar a gcumas do na Romaigh páirt ghníomhach a ghlacadh sa tsochaí, lena n-áirítear páirt a ghlacadh sa chianoideachas, agus trí dheireadh a chur leis na hardleibhéal éiginnteachta eacnamaíche, le teaghlaigh róphlódaithe, agus le lonnaíochtaí nó campáí deighilte.

chéanna, meastar go dtiocfaidh méadú ar ráta luathfhágálaithe an oideachais agus na hoiliúna sna blianta amach romhainn, cé go dtógfaidh sé cúpla bliain sula léireofar é sin sa staidreamh.

Éilítear leis sin **iarracht athnuaithe chun torthaí oideachais níos fearr agus timpeallacht scoile chuimsitheach a chur chun cinn le haghaidh gach foghlaimeora**, gan beann ar a shaintréithe pearsanta, a mhuintir, agus a chúlra cultúrtha agus socheacnamaíoch, agus béim á leagan ar leibhéal oideachais níos fearr a bhaint amach sna bunscileanna.

Ní mór aird mhéadaithe a dhíriú ar an bhfolláine ar scoil, agus na ceachtanna á gcur san áireamh a foghlaimíodh ó chur chun feidhme Mholadh 2011 ón gComhairle maidir le luathfhágáil na scoile a laghdú, mar aon leis na léargais a fuarthas le déanaí ó thaighde agus ón bpróiseas comhairliúcháin agus na dúshláin nua a tugadh chun suntais le géarchéim COVID.

Agus é ag cur leis na ceachtanna a foghlaimíodh ó Mholadh 2011 ón gComhairle, leagtar amach sa **togra ón gCoimisiún le haghaidh Moladh ón gComhairle maidir le Conairí i dtreo na Rathúlachta Scoile creat athnuaithe gníomhaíochta** le haghaidh na mBallstát chun a straitéis chomhtháite féin a fhorbairt chun feabhas a chur ar an rathúlacht i scoileanna, ar an leibhéal iomchuí de réir struchtúr gach córais oideachais agus oiliúna, agus le tacaíocht ó bhailiú éifeachtach sonraí agus faireachán éifeachtach ar shonraí. Leagtar amach sa chreat nuashonraithe sraith de bhearta beartais lena n-áirítear faireachán, cosc, idirghabháil agus cúiteamh³⁶, ach díreann níos mó ann freisin ar chosc agus ar luath-idirghabháil. Is féidir leis na Ballstáit na bearta beartais a chur i bhfeidhm agus a chomhcheangal de réir na gcúinsí agus na riachtanas sonracha atá acu.

• **Cuspóirí an Mholta ón gComhairle atá beartaithe**

Is é is aidhm don togra ón gCoimisiún le haghaidh Moladh ón gComhairle maidir le Conairí i dtreo na Rathúlachta Scoile:

- an leibhéal oideachais agus an ghnóthachtáil oideachais a dhíchúpláil ón stádas sóisialta, eacnamaíoch agus cultúrtha;
- sciar na dtearcghnóthachtálaithe agus na luathfhágálaithe oideachais agus oiliúna a laghdú ar leibhéal an Aontais chun spriocanna Aontais an Limistéir Eorpaigh Oideachais le haghaidh 2030 a bhaint amach;
- oideachas agus oiliúint chuimsitheach a chur chun cinn, lena gcuimsítear cothroime, cáilíocht, feidhmíocht acadúil, rannpháirtíocht, folláine ar scoil, meabhairshláinte agus sláinte choirp, agus meas ar an éagsúlacht;
- forbairt bhreise a dhéanamh, tríd an bhfoghlaim fhrithpháirteach, ar chomhthuiscint maidir leis na gnéithe lena gcumasaítear torthaí oideachais agus folláine a chothú, agus béim ar leith á leagan ar fhoghlaimeoirí ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste.

³⁶ Is é is aidhm do na bearta coiscitheacha na dálaí a chruthú chun tarraingt siar ón scoil, tearcfheidhmíocht agus saincheisteanna i dtaca le luathfhágáil agus meabhairshláinte etc. a sheachaint sula dtagann siad chun cinn, lena n-áirítear an méid sin a dhéanamh tríd an bhfolláine agus an mheabhairshláinte ar scoil a chur chun cinn go gníomhach agus tacú leo. Leis na bearta idirghabhála tugtar aghaidh go luath ar dheacrachtaí atá ag teacht chun cinn, san oideachas agus cúram luath-óige san áireamh, trí bhearta tacaíochta éifeachtacha le haghaidh grúpaí nó daoine aonair. Leis na bearta cúitimh cuirtear deiseanna ar fáil chun tacú leo siúd nach bhfuil ag éirí go maith leo ar scoil nó atá ag tarraingt siar ón scoil nó atá tar éis éirí as.

- **An ghné idirnáisiúnta**

Comhlánaíonn an togra an obair ar an leibhéal idirnáisiúnta. Rannchuidíonn sé leis na gníomhaíochtaí a thacaíonn le **Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe (SDGanna) 2030**³⁷, go háirithe SDG 4, Oideachas ar ardchaighdeán. Tá an togra comhsheasmhach le **Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas**³⁸, a ndéanann Airteagal 24 de foráil maidir le córais chuimsitheacha oideachais. Tá sé ag teacht freisin le Tuarascáil na Náisiún Aontaithe 2020 ar Fhaireachán Oideachais Domhanda maidir le Cuimsiú. Tacaíonn sé le **gníomhaíochtaí UNESCO maidir le foréigean agus bulaíocht ar scoil**³⁹. Tá Conairí i dtreo na Rathúlachta Scoile i gcomhréir le **creat Chompás Foghlama ECFE 2030**⁴⁰.

Is iad torthaí Chlár Idirnáisiúnta um Measúnú Daltaí (PISA) ECFE atá mar bhonn agus thaca ag an togra, agus cumasaíonn siad comparáidí idirnáisiúnta ar féidir iad a fhiosrú a thuilleadh i gcomhthéacs Mheitheal Scoileanna Chreat Straitéiseach LEO.

- **Uirlisí chun tacú leis an gcur chun feidhme**

Tacóidh roinnt ionstraimí éagsúla leis an Moladh ón gComhairle atá beartaithe:

- tuairisciú agus faireachán, go háirithe faoin Seimeastar Eorpach, faoin Scórchlár Sóisialta agus faoi Chreat Straitéiseach LEO;
- piarfhoghlaim, malartuithe faisnéise agus taithe idir na Ballstáit, go háirithe trí Mheitheal Scoileanna Chreat Straitéiseach LEO;
- Cistiú Aontais (go háirithe trí Erasmus+, an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, Ciste Sóisialta na hEorpa+, Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, an Clár don Eoraip Dhigiteach, Fís Eorpach, an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil, an Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, etc.) trí chláir/pleananna a ghlactar;
- Foireann Eorpach Uirlisí do Scoileanna, agus í praiticiúil agus cothrom le dáta, chun acmhainní agus cleachtais a chomhroinnt⁴¹;
- grúpa saineolaithe maidir le straitéisí chun timpeallachtaí foghlama tacúla a chruthú le haghaidh grúpaí atá i mbaol na tearcghnóthachtála agus chun tacú leis an bhfolláine ar scoil;
- taighde tríd an gclár Fís Eorpach;
- an tSaotharlann Foghlama maidir le hInfheistíocht a Dhéanamh in Oideachas agus Oiliúint ar Ardchaighdeán a bhunú (ó mhí na Nollag 2022), rud a chuirfidh leis an meastóireacht agus leis an bhfaireachán a dhéantar ar bheartais agus infheistíochtaí oideachais ar an leibhéal Eorpach.

³⁷ <https://sdgs.un.org/>

³⁸ <https://www.un.org/development/desa/disabilities/convention-on-the-rights-of-persons-with-disabilities/convention-on-the-rights-of-persons-with-disabilities-2.html>

³⁹ <https://en.unesco.org/themes/school-violence-and-bullying/action>;
<https://unesdoc.unesco.org/ark:/48223/pf0000374794?posInSet=4&queryId=N-EXPLORE-c62a920d-2b9e-49c7-92cd-fb700d28f564>

⁴⁰ Is éard is Compás Foghlama ECFE 2030 ann creat foghlama a bhíonn de shíor ag athrú, lena leagtar amach fis uailmhianach maidir le todhchaí an oideachais. Tá fis leathan ann de na cineálacha inniúlachtaí a mbeidh gá ag daltaí leo chun bheith rathúil in 2030 agus ina dhiaidh sin. Forbraítear leis freisin teanga agus tuiscint chomhchoiteann atá ábhartha agus feasach ar bhonn domhanda (<https://www.oecd.org/education/2030-project/teaching-and-learning/learning/learning-compass-2030/>)

⁴¹ <https://www.schooleducationgateway.eu/en/pub/resources/toolkitsforschools.htm>

- **Comhlántacht maidir le tionscnaimh eile**

Comhlánaíonn an Moladh gníomhaíochtaí eile de chuid an Choimisiúin a chuirtear i láthair faoin Teachtaireacht maidir leis an Limistéar Eorpach Oideachais agus faoin bPlean Gníomhaíochta don Oideachas Digiteach. Áirítear leis na gníomhaíochtaí sin na cinn seo a leanas:

- Moladh 2019 ón gComhairle maidir le cur chuige cuimsitheach i leith teangacha a theagasc agus a fhoghlaim⁴²;
- Moladh 2019 ón gComhairle maidir le córais oideachais agus cúraim luath-óige ar ardchaighdeán⁴³;
- Moladh 2018 ón gComhairle maidir le luachanna coiteanna, an t-oideachas cuimsitheach agus gné Eorpach an teagaisc a chur chun cinn⁴⁴;
- Moladh 2021 ón gComhairle maidir le cuir chuige foghlama cumaisc ar mhaithe le bunoidreachas agus meánoideachas cuimsitheach ar ardchaighdeán⁴⁵;
- idirphlé struchtúrtha maidir leis na gnéithe lena gcumasaítear oideachas digiteach rathúil agus maidir le treoirlínte comhchoiteanna a fhorbairt le haghaidh múinteoirí agus foirne oideachais chun an litearthacht dhigiteach a chothú agus chun dul i ngleic leis an mbréagaisnéis,
- An Clár Oibre Nua Scileanna don Eoraip⁴⁶,
- Moladh 2020 ón gComhairle maidir le gairmoideachas agus gairmoiliúint (VET) le haghaidh iomaíochas inbhuanaithe, cothroime shóisialta agus teacht aniar⁴⁷, lena moltar fis bheartais nuachóirithe Aontais i dtaca le VET, lena n-áirítear digitiú VET agus an fhoghlaim chumaisc a úsáid, agus
- Moladh 2020 ón gComhairle maidir le A Bridge to Jobs – Reinforcing the Youth Guarantee [Nasc leis an bhFostaíocht – An Rátháíocht don Aos Óg a Threisiú] arna chur in ionad Mholadh 2013 ón gComhairle maidir le Rátháíocht don Aos Óg a bhunú⁴⁸.

Leis an Moladh ón gComhairle atá beartaithe, rannchuideofar freisin le cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta agus a phlean gníomhaíochta, straitéis an Aontais maidir le comhionannas inscne 2020–2025 (2020)⁴⁹, Creat Straitéiseach an Aontais maidir le Comhionannas, Cuimsiú agus Rannpháirtíocht na Romach 2020–2030 (2020)⁵⁰ agus an Moladh ón gComhairle a bhaineann leis (2021)⁵¹; an Straitéis um Chomhionannas LGBTIQ 2020–2025 (2020)⁵²; an plean gníomhaíochta um imeascadh agus cuimsiú 2021–2027 (2020)⁵³; an straitéis maidir le cearta daoine faoi mhíchumas 2021–2030 (2021)⁵⁴; plean

⁴² IO C 189, 5.6.2019, lch. 15–22..

⁴³ IO C 189, 5.6.2019, lch. 4–14..

⁴⁴ IO C 195, 7.6.2018, lch. 1–5.

⁴⁵ COM(2021)455 final.

⁴⁶ COM(2020) 274 final.

⁴⁷ IO C 417, 2.12.2020, lch. 1–16.

⁴⁸ IO C 372, 4.11.2020, lgh. 1–9

⁴⁹ COM (2020) 152 final.

⁵⁰ COM (2020) 620 final.

⁵¹ COM (2020) 620 final.

⁵² COM (2020) 698 final.

⁵³ COM (2020) 758 final.

gníomhaíochta an Aontais maidir le frithchíochas 2020–2025 (2020)⁵⁵; an chéad straitéis Aontais maidir leis an bhfrithsheimíteachas a chomhrac agus saol na nGiúdach a chothú (2021)⁵⁶; straitéis an Aontais maidir le cearta an linbh (2021)⁵⁷; an Ráthaíocht Eorpach do Leanáí (2021)⁵⁸; Bliain Eorpach na hÓige (2022)⁵⁹; straitéis nua an Aontais maidir le hidirlíon níos fearr do leanáí (2022)⁶⁰; agus HealthyLifeStyle4All (2021)⁶¹.

Tacaíonn clár Erasmus+ leis an tionscnamh seo: is iad eagraíochtaí agus rannpháirtithe ar lú na deiseanna atá acu atá i gcoilár thosaíocht uileghabhálach an chláir, mar atá, Cuimsiú agus Éagsúlacht, agus cuirtear sásraí agus acmhainní sonracha ar fáil dóibh. Tacaíonn an clár Erasmus+ freisin le múinteoirí agus le baill foirne uile na scoile inniúlachtaí nua a shealbhú agus straitéisí agus curaclaim chuimsitheacha a fhorbairt trí ghníomhaíochtaí amhail an tionscnamh nua, Acadaimh Múinteoirí Erasmus+.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

• Bunús dlí

Tá an Moladh beartaithe ón gComhairle i gcomhréir le hAirteagal 165(4) agus Airteagal 166(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

Le hAirteagal 165(1) leagtar síos ‘go rannchuideoidh an tAontas le hoideachas ar ardchaighdeán a fhorbairt tríd an gcomhar idir na Ballstáit a spreagadh agus, más gá, trí thacú lena ngníomhaíocht agus í a fhorlíonadh, agus freagracht na mBallstát i leith ábhar an teagaisc agus eagrú a gcóras oideachais á hurramú go hiomlán aige’. Sonraítear in Airteagal 165(2) freisin go mbeidh sé d’aidhm ag gníomhaíocht an Aontais san oideachas, i bpáirt, forbairt an chianoideachais a spreagadh. Sonraítear in Airteagal 166(1) go gcuirfidh an tAontas ‘beartas gairmoiliúna chun feidhme a thacóidh le gníomhaíocht na mBallstát agus a fhorlíonfaidh í, agus freagracht na mBallstát i leith ábhar agus eagrú na gairmoiliúna á hurramú go hiomlán aige’.

Ní bheartaítear leis an tionscnamh aon síneadh a dhéanamh ar chumhacht rialála an Aontais ná ar na gealltanais cheangailteacha atá ar na Ballstáit. Cinnfidh na Ballstáit, de réir a n-imthosca náisiúnta, an chaoi a gcuirfidh siad an Moladh seo ón gComhairle chun feidhme.

• Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)

Tá an togra i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta dá bhforáiltear in Airteagal 5(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE).

Tá na Ballstáit iomlán freagrach as an ábhar teagaisc agus as eagrúchán a gcóras oideachais agus oiliúna. San am céanna, léiríonn an fhianaise nach mór dóibh aghaidh a thabhairt ar roinnt saincheisteanna coiteanna a bhaineann le torthaí oideachais agus le folláine ar scoil.

⁵⁴ COM (2021) 101 final

⁵⁵ COM (2020) 565 final.

⁵⁶ COM (2021) 615 final

⁵⁷ COM (2021) 142 final

⁵⁸ COM (2021) 137 final.

⁵⁹ Cinneadh (AE) 2021/2316 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Nollaig 2021 maidir le Bliain Eorpach na hÓige (2022), IO L 462, 28.12.2021, lgh. 1–9.

⁶⁰ <https://www.betterinternetforkids.eu/en/home> agus COM (2012) 196 final

⁶¹ Tartu Call for a Healthy Lifestyle [Éileamh Tartu ar Stíl Mhaireachtála Shláintiúil], https://sport.ec.europa.eu/sites/default/files/ewos-tartu-call_en.pdf

Leis an Moladh seo ón gComhairle, urramófar go hiomlán freagracht na mBallstát as ábhar a dteagaisc agus eagrúchán na gcóras oideachais agus a n-éagsúlacht chultúrtha agus teanga, agus léireofar leis san am céanna ról comhlántach tacaíochta an Aontais agus cineál deonach an chomhair Eorpaigh san oideachas agus san oiliúint. I gcomhthéacs an Limistéir Eorpaigh Oideachais, tacóidh an tionscnamh le hiarrachtaí na mBallstát beartais agus sásraí a fhorbairt agus a chur chun feidhme, de réir mar is iomchuí dá gcórais agus dá struchtúir náisiúnta.

Ní bheartaítear leis an tionscnamh aon síneadh a dhéanamh ar chumhacht rialála an Aontais ná ar na gealltanais cheangailteacha atá ar na Ballstáit. Baineann a bhreisluach Eorpach go príomha le cumas an Aontais rannpháirtíocht pholaitiúil a shlógadh ar an leibhéal náisiúnta agus tacú le córais oideachais agus oiliúna trí threoirlínte beartais, uirlisí coiteanna agus ionstraimí (Erasmus+, an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, Ciste Sóisialta na hEorpa+, Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, an Clár don Eoraip Dhigiteach, Fis Eorpach, an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil, an Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, etc.), agus an choimhdeacht á hurrámu go hiomlán san am céanna.

- **Comhréireacht**

Comhlíonann an togra seo prionsabal na comhréireachta mar a leagtar amach in Airteagal 5(4) CAE.

Ní théann ábhar ná foirm an Mholta bheartaithe seo ón gComhairle thar a bhfuil gá leis chun a chuspóirí a bhaint amach. Is ar bhonn deonach a dhéanfaidh na Ballstáit na gealltanais agus tá sé de shaoirse ag gach Ballstát cinneadh a dhéanamh maidir leis an gcur chuige a úsáidfídh sé.

- **An rogha ionstraime**

Chun tacú leis na cuspóirí dá dtagraítear in Airteagail 165 agus 166 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a bhaint amach, déantar foráil leis an gConradh sin go nglacfaidh an Chomhairle Moltaí, ar thogra ón gCoimisiún.

Is ionstraim iomchuí é Moladh ón gComhairle laistigh de réimse an oideachais agus na hoiliúna, réimse ina bhfuil freagracht tacaíochta ar an Aontas, agus is ionstraim é a úsáidtear go minic le haghaidh gníomhaíocht Eorpach sna réimsí sin. Mar ionstraim dlí, léirítear leis tiomantas na mBallstát do na bearta a thíolactar agus soláthraítear leis bonn polaitiúil níos láidre le haghaidh comhar sa réimse seo, agus údarás an Bhallstáit i réimse an oideachais agus na hoiliúna á urramú go hiomlán san am céanna.

3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

In 2019 foilsíodh measúnú neamhspleách ar chur chun feidhme Mholadh 2011 ón gComhairle maidir le beartais chun luathfhágáil na scoile a laghdú⁶². Cumhdaíodh sa staidéar 37 dtír, idir Bhallstáit Aontais agus tíortha nach Ballstáit den Aontas iad. Tugadh aghaidh ann ar an méid seo a leanas:

⁶² An Coimisiún Eorpach, an Ard-Stiúrthóireacht um Oideachas, an Óige, Spórt agus Cultúr (2019), Donlevy, V., Day, L., Andriescu, M., Downes, P., *Measúnú ar chur chun feidhme Mholadh 2011 ón gComhairle maidir le beartais chun luathfhágáil na scoile a laghdú: tuarascáil chriochnaitheach*, Oifig na bhFoilseachán.

- an staid agus na treochtaí ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal náisiúnta agus na socruithe náisiúnta chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar luathfhágáil an oideachais agus na hoiliúna;
- forléargas agus samplaí de na bearta a chuirtear chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta i ndáil le cosc, idirghabháil agus cúiteamh, chomh maith le fianaise éifeachtachta;
- anailís ar ról agus tionchar Mholadh 2011 agus uirlisí beartais gaolmhara an Aontais maidir lena n-ábharthacht, a n-éifeachtacht, a n-éifeachtúlacht agus a n-inbhuanaitheacht;
- an gá le tacaíocht ar leibhéal an Aontais amach anseo chun dul i ngleic le luathfhágáil an oideachais agus na hoiliúna, agus cineál na tacaíochta sin.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Tá an togra bunaithe ar ionchur a bailíodh le linn próiseas fairsing comhairliúcháin⁶³. Áiríodh leis sin:

- comhairliúchán poiblí oscailte 14 seachtaine maidir leis an tionscnamh nua, a bheidh ar siúl ón 24 Meitheamh go dtí an 30 Meán Fómhair 2021;
- plé ag cruinnithe Ard-Stiúrthóirí na Scoileanna;
- sraith ceardlann tiomnaithe ar líne idir mí na Bealtaine agus mí Mheán Fómhair 2021, a raibh ionadaithe aireachta agus eagraíochtaí páirtithe leasmhara páirteach iontu (lena n-áirítear ionadaithe múinteoirí agus oiliúnóirí, foghlaiméoirí, tuismitheoirí agus daoine óga, comhpháirtithe sóisialta agus eagraíochtaí neamhrialtasacha a dhéanann ionadaíocht ar pháirtithe leasmhara éagsúla), chomh maith le saineolaithe sa réimse.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Tá an togra bunaithe ar an méid seo a leanas:

- ceachtanna a foghlaimíodh ó chur chun feidhme an chreata straitéisigh le haghaidh comhar Eorpach san Oideachas agus san Oiliúint 2020 (tuarascálacha ó mheithleacha oibre, cleachtais a bailíodh agus a roinneadh tríd an bhFoireann Eorpach Uirlisí do Scoileanna, etc.);
- measúnú neamhspleách ar chur chun feidhme mholtaí 2011 na Comhairle i dtaca le beartais chun luathfhágáil na scoile a laghdú (féach thuas);
- raon leathan tuarascálacha agus staidéar atá ann cheana agus staidéar a coimisiúnaíodh le déanaí maidir leis na nithe seo a leanas: An tionchar a mheastar a bheidh ag géarchéim COVID ar thorthaí oideachais, ar chothroime san oideachas, ar chórais chuimsitheacha, ar an mbulaíocht scoile, ar oideachas sóisialta agus mothúcháinach, ar an bhfolláine ar scoil, ar rannpháirtíocht tuismitheoirí, ar chaighdeán shaol na scoile, ar athchóirithe beartais lena mínítear scéalta rathúlachta PISA, etc.;

⁶³ Tá tuarascáil achomair ghearr i gceangal leis an Doiciméad Inmheánach Oibre; tá an tuarascáil achomair iomlán le fáil ag: https://ec.europa.eu/info/law/better-regulation/have-your-say/initiatives/13019-Pathways-to-school-success-tackling-underachievement-in-basic-skills-and-early-leaving-from-education-and-training/public-consultation_en

- mapáil thionscadail Erasmus+ a bhaineann le torthaí oideachais níos fearr a chur chun cinn, an tearcghnóthachtáil agus luathfhágáil an oideachais agus na hoiliúna a chomhrac agus tacú leis an bhfolláine ar scoil.
- saineolas an lucht acadúil agus saineolaithe seachtracha eile a bhfuil eolas fianaisebhunaithe agus comhairle curtha ar fáil acu tríd an Líonra Saineolaithe atá ag obair ar an ngné Shóisialta den Oideachas agus Oiliúint (NESET)⁶⁴ agus trí Bhord Eagarthóireachta na Foirne Eorpaí Uirlisí do Scoileanna.
- an anailís ar thuarascálacha agus staidéir ó ECFE, ó UNESCO agus ó Chomhairle na hEorpa, chomh maith le hobair Airmheán Comhphárteach Taighde an Choimisiúin Eorpaigh, Cedefop agus Eurydice.

Tá an fhaisnéis sin sa Doiciméad Inmheánach Oibre a ghabhann leis seo.

- **Measúnú tionchair**

I bhfianaise chur chuige comhlántach na ngníomhaíochtaí maidir le tionscnaimh na mBallstát, cineál deonach na ngníomhaíochtaí atá beartaithe agus raon feidhme an tionchair a mheastar a bheidh ann, ní dhearnadh measúnú tionchair. Ba iad staidéir roimhe seo⁶⁵, comhairliúchán leis na Ballstáit agus an comhairliúchán poiblí a chuir bonn eolais faoi fhorbairt an togra.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Ní bhaineann le hábhar.

- **Ceartha bunúsacha**

Tá an togra seo le haghaidh Moladh ón gComhairle ag teacht leis na ceartha agus na prionsabail bhunúsacha a aithnítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, go háirithe an ceart go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint a leagtar síos in Airteagal 8, an tsaoirse acadúil a chumhdaítear in Airteagal 13, an ceart chun oideachais a leagtar síos in Airteagal 14, agus an ceart chun neamh-idirdhealaithe dá bhforáiltear in Airteagal 21.

Déanfar na bearta i gcomhréir le dlí an Aontais maidir le sonraí pearsanta a chosaint, go háirithe Rialachán (AE) 2016/679⁶⁶ ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí).

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ní bheidh gá le haon acmhainn bhreise ó bhuiséad an Aontais le haghaidh an tionscnaimh seo.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socrúithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Chun tacú le cur chun feidhme, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, gníomhaíochtaí piarfhoghlama a fhorbairt agus dea-chleachtas a shainaitheint, mar aon le taighde, ábhar treorach, lámhleabhair agus ábhar insólathartha nithiúil eile, agus é bunaithe ar fhianaise. Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún an Fhoireann Eorpach Uirlisí do Scoileanna a

⁶⁴ <https://nesetweb.eu/en/>

⁶⁵ Tá na tagairtí iomlána ar fáil sa Doiciméad Inmheánach Oibre.

⁶⁶ IO L 119, 4.5.2016, lch. 1–88..

fhorbairt a thuilleadh laistigh den Ardán Eorpach nua don Oideachas Scoile chun torthaí a thabhairt le fios, mar aon le heiseamláirí rathúlachta agus aon acmhainn ábhartha eile.

Tá rún ag an gCoimisiún tuairisciú ar úsáid Mholadh na Comhairle san obair ar chur chun feidhme an chreata straitéisigh nua maidir le comhar Eorpach san oideachas agus san oiliúint i dtreo an Limistéir Eorpaigh Oideachais agus níos faide anonn.

- **Doiciméid mhíniúcháin (i gcás treoracha)**

Ní bhaineann le hábhar.

- **Achoimre ar an togra le haghaidh Moladh ón gComhairle agus doiciméad inmheánach oibre**

Agus é ag cur le Moladh 2011 ón gComhairle, tugtar le chéile sa Mholadh ón gComhairle atá beartaithe an úire agus an leanúnachas, óir cuirtear réitigh nua ar fáil ann agus leathnaítear agus nuashonraítear roinnt codanna den téacs a bheidh á aisghairm aige.

Ar aon dul le Moladh 2011, leagtar béim sa togra ar an ngá le bearta coisctheacha, idirghabhála agus cúitimh a chur ag oibriú le chéile. Mar sin féin, cuirtear béim níos láidre ann ar bhearta coisctheacha agus aithnítear ann go bhfuil gá le cineálacha éagsúla gníomhaíochtaí i gcás riachtanais/pobail éagsúla. Cuimsítear ann gnéithe nár tugadh aghaidh orthu (nó nár tugadh aghaidh go leordhóthanach orthu) i dtéacs 2011, amhail rialachas scoile agus sásraí dearbhaithe cáilíochta; coincheap an chur chuige uilescoile agus coincheap an chomhoibrithe agus na comhpháirtíochta i scoileanna agus timpeall ar scoileanna; an príomhról a bhaineann le folláine, foghlaim shóisialta agus foghlaim mhothúcháin a áirithiú; agus timpeallachtaí foghlama níos sábháilte, níos sláintiúla ina bhfuil níos mó tacaíochta ar fáil.

Moltar ann treoir agus gníomhaíocht a d'fhéadfadh na Ballstáit a shaothrú chun torthaí oideachais níos fearr a chur chun cinn le haghaidh Eorpaigh óga, agus leagtar amach ann gealltanas an Choimisiúin Eorpaigh tacú le gníomhaíochtaí na mBallstát sa réimse sin agus iad a chomhlánú.

Sa doiciméad inmheánach oibre a ghabhann leis seo, leagtar amach fianaise taighde, agus tuairimí agus eispéiris na bpáirtithe leasmhara a bailíodh le linn chéim an chomhairliúcháin, agus tugtar samplaí ann de na beartais agus na tionscadail atá ann cheana agus atá mar bhonn agus mar thaca ag an mbeartas a chuirtear chun cinn sa Mholadh ón gComhairle atá beartaithe.

Togra le haghaidh

MOLADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir le Conairí i dtreo na Rathúlachta Scoile

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 165(4) agus Airteagal 166(4) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) I gColún Eorpach na gCeart Sóisialta,⁶⁷ leagtar béim sa chéad phrionsabal agus san aonú prionsabal déag ar an tábhacht a bhaineann le hoideachas cuimsitheach ardcháilíochta a spreagadh le do chách, ó aois óg ar aghaidh. Braitheann cur chun feidhme éifeachtach na bprionsabal sin ar dhiongbháilteacht agus ar ghníomhaíocht na mBallstát. Féadann gníomhaíochtaí ar leibhéal an Aontais a bheith ina gcomhlánú ar ghníomhaíochtaí náisiúnta agus chuir an Coimisiún a rannchuidiú i láthair i bPlean Gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta⁶⁸.
- (2) An 30 Meán Fómhair 2020 ghlac an Coimisiún Eorpach Teachtaireacht maidir leis an Limistéar Eorpach Oideachais a bhaint amach faoi 2025, agus cuimsitheacht á cur san áireamh mar cheann de na sé ghné atá aige⁶⁹. An 18 Feabhra 2021, d'fhormheas an Chomhairle a Rún i ndáil le creat straitéiseach maidir le comhar Eorpach san oideachas agus san oiliúint i dtreo an Limistéir Eorpaigh Oideachais agus níos faide anonn (2021–2030)⁷⁰.
- (3) San óráid maidir le Staid an Aontais Eorpaigh a thug Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh in 2021, bheartaigh sí gur Bliain Eorpach na hÓige a bheadh in 2022, chun deiseanna méadaithe a chur ar fáil do dhaoine óga maidir le tionchar a imirt ar thodhchaí na hEorpa agus a bheith rannpháirteach i gcinntí a dhéanfaidh difear dá saol.
- (4) Sa tuarascáil chríochnaitheach ón gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa, iarrann na saoránaigh ar an Aontas Limistéar Eorpach Oideachais cuimsitheach a bhunú faoi 2025 ina mbeidh rochtain chomhionann ag na saoránaigh uile ar oideachas ar ardchaighdeán agus ar fhoghlaim ar feadh an tsaoil, lena n-áirítear iad siúd i gceantair thuaithe agus iargúlta⁷¹. Le Teachtaireacht 2020 ón gCoimisiún, socraítear cuimsiú agus comhionannas inscne mar phríomhghné den Limistéar Eorpach Oideachais atá le

⁶⁷ COM (2017) 250

⁶⁸ COM (2021) 102

⁶⁹ COM (2020) 625 final

⁷⁰ IO C 66, 26.2.2021, lgh. 1–21

⁷¹ *Conference on the Future of Europe – Report on the Final Outcome* [An Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa – Tuarascáil ar an Toradh Deiridh] Bealtaine 2022, Togra 46, (lch 88).

baint amach faoi 2025, agus iarrtar torthaí oideachais a dhíchúpláil ó stádas socheacnamaíoch. Chomhaontaigh an Chomhairle gur cheart, faoi 2030, an sciar de dhaltá 15 bliana d’aois atá lagchumasach sa léitheoireacht, sa mhatamaitic agus san eolaíocht a bheith níos lú ná 15 %, agus gheall sí an sciar de luathfhágálaithe an oideachais agus na hoiliúna a laghdú go dtí níos lú ná 9 %.

- (5) Cé go bhfuil feabhas suntasach tagtha ar ráta na luathfhágálaithe ar leibhéal an Aontais, ós rud é go raibh laghdú 3.9 pointe céatadáin air le linn na tréimhse 2010–2021, tá go leor foghlaimeoirí fós ag fágáil an oideachais róluath. Ba é 9.7 % sciar luathfhágálaithe an oideachais agus na hoiliúna san Aontas trí chéile in 2021, céatadán atá díreach faoi bhun sprioc ET2020 de 10 % ar leibhéal an Aontais a socraíodh le haghaidh 2020. Mar sin féin, is luathfhágálaithe an oideachais agus na hoiliúna iad breis agus 3.2 milliún duine óg san Aontas (18–24 bliana d’aois) agus dá bhrí sin ní bhíonn deis chóir acu slí beatha ghairmiúil a bhaint amach. Tá difríochtaí móra ann fós idir tíortha agus laistigh díobh, agus neamhionannas ann fós i measc grúpaí sonracha (e.g. ní éiríonn chomh maith sin le himircigh, fir óga, mionlaigh eitneacha amhail na Romaigh, agus daoine óga i gceantair thuaithe agus iargúlta).
- (6) Léiríonn torthaí an Chláir Idirnáisiúnta um Measúnú Daltaí (PISA) 2018 ECFE go raibh treocht chun donachta ann maidir le líon na ndaltaí lagchumasacha sna bunscoileanna le linn na tréimhse 2009–2018. Sa lá atá inniu ann, ní bhíonn inniúlachtaí leordhóthanacha léitheoireachta, matamaitice ná eolaíochta ag duine as gach cúigear Eorpach atá 15 bliana d’aois. Thairis sin, léiríonn torthaí an International Computer and Information Literacy Study (ICILS) [Staidéir Idirnáisiúnta ar an Litearthacht Ríomhaireachta agus Faisnéise] 2018 nach bhfuil bunscoileanna digiteacha ag an gcúigiú cuid de na daoine óga san Aontas, agus nochtar neamhréireachtaí feidhmíochta tromchúiseacha ann freisin i dtéarmaí stádais shocheacnamaíoch, rud a bhfuil riosca ann dá bharr go mbeidh an bhearna dhigiteach níos doimhne⁷².
- (7) Dearbhaítear leis na sonraí gurb é an cúlra socheacnamaíoch is mó a dhéanann torthaí oideachais a thuar. I bhformhór tíortha an Aontais, tá ró-ionadaíocht ann ar fhoghlaimeoirí a thagann ó chúlra atá faoi mhíbhuntáiste i measc na bhfoghlaimeoirí nach bhfuil cáilíocht meánscoile uachtaraí bainte amach acu agus iad ag fágáil an oideachais agus na hoiliúna. Nochtadh in PISA 2018 go bhfuil an sciar de dhaltá atá lagchumasach sa léitheoireacht i bhfad níos mó i bhformhór tíortha an Aontais sa cheathrú ag bun innéacs an stádais eacnamaíoch, shóisialta agus chultúrtha (ESCS) i gcomparáid le daltaí sa cheathrú ag barr ESCS, faoi bhreis is 40 pointe céatadáin i roinnt tíortha san Aontas. Deimhnítear sa litríocht acadúil go mbíonn níos mó deacrachtaí ag daltaí a bhfuil cúlra socheacnamaíoch íseal acu scoileanna acadúla agus teanga a fhorbairt. Bíonn fadhbanna iompraíochta i dtaca leis an bhfoghlaimeoirí acu níos minice, léiríonn siad spreagadh níos ísle i leith na foghlama, fágann siad an t-oideachas agus an oiliúint níos luaithe, agus bíonn cáilíochtaí níos ísle acu agus iad ag fágáil na scoile, chomh maith le hinniúlachtaí nach leor iad chun gur féidir leo páirt iomlán a ghlacadh sa tsochaí.
- (8) Le blianta beaga anuas, tá na Ballstáit tar éis líon ard imirceach tríú tír (lena n-áirítear dídeanaithe⁷³) atá in aois scoile a lánpháirtiú ina gcórais oideachais. Tá dúshlán eile

⁷² Cé go bhfuil scoileanna digiteacha le meas i measc na mbunscoileanna, ní thugann Conairí i dtreo na Rathúlachta Scoile aghaidh orthu go sainráite, mar gur cuid lárnach iad cheana de thionscnaimh eile amhail an Plean Gníomhaíochta don Oideachas Digiteach.

⁷³ Sa Teachtaireacht seo, is sa chiall leathan pholaitiúil a úsáidtear an téarma ‘dídeanaí’ seachas de réir mar a shainmhínítear é i gCoinbhinsiún na Ginéive agus in *acquis* an Aontais maidir le cúrsaí tearmainn.

ag teacht chun cinn i gcomhthéacs daoine atá ag teitheadh ón gcogadh san Úcráin, ar leanáí in aois scoile sciar mór díobh a dteastaíonn tacaíocht foghlama spriocdhírthe uathu (lena n-áirítear teanga na scolaíochta a shealbhú), chomh maith le tacaíocht shíceasóisialta.

- (9) In PISA 2015 agus 2018 tugadh chun suntais freisin go bhfuil braistint na ndaltaí a bheith ina bpáirt de shaol na scoile ag dul i laghad agus go bhfuil an bhulaíocht/an chibearbhulaíocht forleathan, agus í ag dul i méid. Leagtar béim sa taighde ar a thábhachtaí atá an fholláine mhothúchánach, shóisialta agus choirp i scoileanna maidir leis na deiseanna a bhíonn ag leanáí agus ag daoine óga a bheith rathúil san oideachas agus sa saol a mhéadú. Deimhnítear ann gur millteanach an tionchar a bhíonn ag saincheisteanna meabhairshláinte, mar aon le foréigean agus bulaíocht, ciníochas, seineafóibe agus cineálacha eile éadulaingthe, ar fholláine mhothúchánach agus ar thorthaí oideachais leanáí agus daoine óga. Léirítear sa taighde freisin gur mó an baol go ndéanfaí bulaíocht ar ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste, agus go bhfuil braistint níos laige ag foghlaimeoirí ó scoileanna faoi mhíbhuntáiste sóisialta agus eacnamaíoch gur páirt iad de shaol na scoile ná mar atá ag a bpiaraí ar mó na buntáistí atá acu.
- (10) Is tábhachtaí fós é aghaidh a thabhairt ar na dúshlán sin mar gheall ar phaindéim COVID. Tugtar le fios i roinnt staidéar gur mó an dóchúlacht atá ann de dheasca na géarchéime go dtarraingeoidh foghlaimeoirí atá i mbaol siar ón scoil, go n-éireoidís as ar fad, agus tugtar le fios go raibh drochthionchar ag an ngéarchéim ar mheabhairshláinte agus ar fholláine na bhfoghlaimeoirí i gcoitinne.
- (11) In 2011, ghlac an Chomhairle Moladh maidir le beartais chun luathfhágáil na scoile a laghdú⁷⁴. Tá obair fhairsing déanta ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal náisiúnta chun an Moladh a chur chun feidhme, go háirithe trí phiarfhoghlaim agus trí mhalartú dea-chleachtas idir na Ballstáit faoi chuimsiú ET 2020 le haghaidh comhar beartais⁷⁵. Tá raon leathan acmhainní, samplaí de bhearta rathúla agus ábhar acmhainní le fáil ar líne tríd an bhFoireann Eorpach Uirlisí do Scoileanna⁷⁶ agus trí fhoireann uirlisí gairmoideachais agus oiliúna Cedefop chun dul i ngleic le luathfhágáil na scoile. Leis an measúnú neamhspleách ar chur chun feidhme an Mholta arna fhoilsiú in 2019⁷⁷, soláthraítear comhartha láidir gur spreag an Moladh seo ón gComhairle agus sraith uirlisí beartais an Aontais a ghabhann leis claochluithe laistigh d'institiúidí agus beartais oideachais agus gur thacaigh sé le luathfhágáil an oideachais agus na hoiliúna a laghdú. Cuirtear i dtábhacht ann freisin na réimsí ina bhfuil gá le tuilleadh oibre.
- (12) Tá clár Erasmus+ tar éis tacú le roinnt tionscadal trasnáisiúnta maidir le cuimsiú in earnálacha éagsúla oideachais, tionscadail lena dtugtar aghaidh ar thearcghnóthachtáil agus luathfhágáil an oideachais agus na hoiliúna. Is é an cuimsiú ceann de thosaíochtaí uileghabhálacha Erasmus+ le haghaidh na tréimhse 2021–2027. Áirítear leis an gclár freisin tosaíocht bheartais shonrach chun dul i ngleic leis an míbhuntáiste foghlama, le luathfhágáil na scoile agus le lagchumas sna bunscileanna, agus cuirfidh an tosaíocht bheartais sin ar a gcumas do pháirtithe leasmhara lena mbaineann cistiú Erasmus+ moltaí beartais a chur chun feidhme.

⁷⁴ IO C 191, 1.7.2011, *lgh.* 1–6

⁷⁵ Féach <https://education.ec.europa.eu/levels/school/early-school-leaving>

⁷⁶ <https://www.schooleducationgateway.eu/en/pub/resources/toolkitsforschools.htm>

⁷⁷ An Coimisiún Eorpach, an Ard-Stiúrthóireacht um Oideachas, an Óige, Spórt agus Cultúr (2019), Donlevy, V., Day, L., Andriescu, M., Downes, P., *Measúnú ar chur chun feidhme Mholadh 2011 ón gComhairle maidir le beartais chun luathfhágáil na scoile a laghdú: tuarascáil chríochnaitheach*, Oifig na bhFoilseachán.

- (13) Tá infheistíochtaí móra slógtha trí Chistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa (CSIE) 2014–2020 chun dul i ngleic le luathfhágáil an oideachais agus na hoiliúna, lena dtacaítear le tionscadail iomadúla ar mórscála i gcomhréir le Moladh 2011 ón gComhairle. Tacaíonn Ciste Sóisialta na hEorpa+ le daoine aonair, le réigiúin agus le Ballstáit a bhfuil dúshlán ar leith rompu – téarnamh ó phaindéim COVID agus spriocanna an Aontais maidir le fostaíocht, cuimsiú sóisialta, oideachas agus aeráid a bhaint amach. An úsáid sin le haghaidh idirghabhálacha clársceidealaithe faoi ESIF agus faoi chistí beartais chomhtháthaithe 2021–2027, is é is bonn léi, i measc rudáí eile, na Moltaí Tírshonracha a eisítear faoi chuimsiú an tSeimeastair Eorpaigh.
- (14) Leis an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil, tugtar an deis do na Ballstáit tacaíocht a fháil, ach sin a éileamh, le haghaidh athchóirithe saincheaptha i réimsí éagsúla, amhail torthaí oideachais leanaí a fheabhsú, oideachas agus cúram na luath-óige a fheabhsú, straitéisí náisiúnta agus pleananna gníomhaíochta a leagan síos maidir le haghaidh a thabhairt ar luathfhágáil an oideachais agus na hoiliúna agus cosc a chur uirthi, uirlisí a fhorbairt chun tacú le hearcú múinteoirí agus le forbairt ghairmiúil, nó athchóiriú curaclaim a ullmhú agus a chur i bhfeidhm. Bhain roinnt Ballstát úsáid as an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil agus as an gClár Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach a tháinig roimh an ionstraim, chun tacú le hathchóirithe maidir le luathfhágáil an oideachais agus na hoiliúna a chosc, go háirithe a mhéid a bhaineann le leanaí ó chúlraí leochaileacha.
- (15) Is gá do leanaí agus do dhéagóirí sraith chothrom d’inniúlachtaí cognaíocha, sóisialta agus mothúchánacha a bheith acu chun torthaí dearfacha a bhaint amach sa scoil agus sa saol. Déanann an Moladh ón gComhairle maidir le príomhinniúlachtaí don fhoghlaim ar feadh an tsaoil⁷⁸ inniúlachtaí pearsanta, sóisialta agus ‘foghlaim conas foghlaim’ a shainiú. Áirítear leis sin an cumas dul i ngleic le héiginnteacht agus castacht, tacú leis an bhfolláine choirp agus mhothúchánach phearsanta, an tsláinte choirp agus an mheabhairshláinte a chothú, caidreamh comhoibríoch dearfach a fhorbairt le daoine, agus cloí le saol atá dírithe ar an dea-shláinte agus ar an todhchaí, agus coinbhleacht a bhainistiú san am céanna i gcomhthéacs cuimsitheach tacúil.
- (16) Aithnítear sna conclúidí ón gComhairle maidir le múinteoirí agus oiliúnóirí Eorpacha don todhchaí⁷⁹ gurb iad na múinteoirí, na hoiliúnóirí agus na ceannairí scoile atá ina gceann feadhna bunriachtanach an oideachais agus na hoiliúna, agus leagtar béim sna conclúidí ar an ngá lena n-inniúlachtaí siúd a fhorbairt agus a thabhairt cothrom le dáta a thuilleadh. Aithníodh i dteachtaireacht an Limistéir Eorpaigh Oideachais agus sa Rún ón gComhairle an ról ríthábhachtach atá ag múinteoirí agus oiliúnóirí.
- (17) Leis an Moladh ón gComhairle maidir le hoideachas agus cúram na luath-óige⁸⁰, cuirtear i dtábhacht go rannchuidíonn an rochtain ar sheirbhísí oideachais agus cúraim luath-óige do gach leanbh lena bhforbairt shláintiúil agus lena rathúlacht oideachais, go gcabhraíonn sí le héagothromaíochtaí sóisialta a laghdú agus go laghdaíonn sí an bhearna inniúlachta idir leanaí a bhfuil cúlraí eacnamaíocha éagsúla acu.
- (18) Leis an Moladh ón gComhairle maidir le foghlaim chumaisc le haghaidh oideachas cuimsitheach bunscoile agus meánscoile ar ardchaighdeán⁸¹, cuirtear cuir chuige i leith foghlaim chumaisc chun cinn lena gcomhcheanglaítear timpeallachtaí na láithreach

⁷⁸ IO C 189, 4.6.2018, lgh. 1–13

⁷⁹ IO C 193, 9.6.2020, lch. 11–19

⁸⁰ IO C 189, 5.6.2019, lgh. 4–14

⁸¹ COM (2021) 455 final

scoile agus na cianfhoghlama, mar aon le huirlisí foghlama digiteacha agus neamhdhigiteacha, d'fhonn córais oideachais agus oiliúna níos athléimní agus níos cuimsithí a fhorbairt. Fágann na cleachtais sin gur féidir cuir chuige agus uirlisí éagsúlaithe a úsáid chun tacaíocht níos fearr a thabhairt do dhaltaí a bhfuil riachtanais shonracha acu nó do dhaltaí ó ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste agus chun feabhas a chur ar a spreagadh chun foghlaim.

- (19) Sainítear sa Chlár Oibre Scileanna don Eoraip⁸² gníomhaíochtaí chun an t-iomaíochas inbhuanaithe a neartú agus chun athléimneacht a chothú chun freagairt do ghéarchéimeanna agus chun cabhrú le daoine aonair agus le gnólachtaí níos mó scileanna agus scileanna níos fearr a fhorbairt, bunaithe ar na ceachtanna a foghlaimíodh le linn phaindéim COVID. Sa Mholadh ón gComhairle maidir leis an ngairmoideachas agus leis an ngairmoiliúint ar mhaithe leis an iomaíochas inbhuanaithe, an chothroime shóisialta, agus an athléimneacht⁸³, moltar fíis bheartais Aontais athnuaite i ndáil le gairmoideachas agus gairmoiliúint, a mbeidh ról lárnach aici maidir le luathfhágáil an oideachais agus na hoiliúna a chosc agus comhionannas deiseanna a chur chun cinn.
- (20) Leagtar amach sa Phlean Gníomhaíochta don Oideachas Digiteach⁸⁴ gníomhaíochtaí chun scileanna agus inniúlachtaí digiteacha a fheabhsú le haghaidh an aistrithe dhigitigh, chun a áirithiú nach bhfágfar aon fhoghlaiméoir ar lár agus go mbeidh na hinniúlachtaí ag céimithe a bhfuil gá leo sa mhargadh saothair. Déantar foráil ann maidir le treoirínte comhchoiteanna a fhorbairt le haghaidh múinteoirí agus foirne oideachais chun an litearthacht dhigiteach a chothú agus chun dul i ngleic leis an mbréagaisnéis, maidir le Creat Inniúlachta Digití na hEorpa a thabhairt cothrom le dáta agus maidir le Togra atá beartaithe le haghaidh Moladh ón gComhairle i ndáil le feabhas a chur ar sholáthar scileanna digiteacha san oideachas agus san oiliúint. Ina theannta sin, leagtar béim sa Phlean Gníomhaíochta ar an mbearna idir na hinscní in ábhair STEM a laghdú.
- (21) Leis an Moladh ón gComhairle lena mbunaítear Rátháíocht Eorpach do Leanaí, iarrtar ar na Ballstáit rochtain éifeachtach shaor ar ghníomhaíochtaí oideachais agus ar ghníomhaíochtaí scoilbhunaithe a ráthú le haghaidh leanaí atá ar an ngannchuid (i.e. i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta, go háirithe na Romaigh). I Straitéis an Aontais maidir le Cearta an Linbh, éilítear oideachas cuimsitheach ar ardchaighdeán a chothú. I Straitéis nua an Aontais maidir le hidirlíon níos fearr do leanaí, iarrtar timpeallacht dhigiteach a thógáil ina ndéanfar leanaí a chosaint, a chumhachtú agus a urramú agus cuirtear i dtábhacht inti gur cheart comhionannas deiseanna a bheith ag leanaí atá i staideanna leochaileacha chun leas a bhaint as na deiseanna a d'fhéadfadh eascairt as an deacáid dhigiteach.
- (22) Glacadh glúin nua de straitéisí Aontais um chomhionannas agus creataí beartais um chuimsiú in 2020 agus 2021⁸⁵ inar leagadh béim láidir ar an gcothroime agus ar an

⁸² COM (2020) 274 final

⁸³ IO C 417, 2.12.2020, lgh. 1–16

⁸⁴ COM (2020) 624 final

⁸⁵ Straitéis maidir le comhionannas inscne 2020–2025 (2020), plean gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh maidir le frithchíochas 2020–2025 (2020), Creat Straitéiseach an Aontais maidir le Comhionannas, Cuimsiú agus Rannpháirtíocht na Romach 2020–2030 (2020) agus an Moladh ón gComhairle a ghabhann leis (2021), Straitéis um Chomhionannas LGBTIQ 2020–2025 (2020), Plean Gníomhaíochta um imeascadh agus cuimsiú 2021–2027 (2021), Straitéis maidir le cearta daoine faoi mhíchumas 2021–2030 (2021), an straitéis Aontais maidir leis an bhfrithsheimíteachas a chomhrac agus saol na nGiúdach a chothú (2021).

gcuimsiú a chur chun cinn agus ar an idirdhealú san oideachas a chomhrac trí thacaíocht spriocdhírthe do na daoine is mó atá faoi mhíbhuntáiste agus is mó a dhéantar idirdhealú orthu.

- (23) Sa Mholadh ón gComhairle maidir le A Bridge to Jobs – Reinforcing the Youth Guarantee [Nasc leis an bhFostaíocht – An Ráthaíocht don Aos Óg a Threisiú],⁸⁶ moltar an bealach ar ais go dtí an t-oideachas agus an oiliúint a dhéanamh níos éasca le haghaidh daoine óga tríd an tairiscint oideachais leanúnaigh a éagsúlú, rud a áiríteoidh, i gcás inarb iomchuí, bailíochtú na foghlama seachfhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla. Ina theannta sin, cabhraíonn an tionscnamh ALMA⁸⁷ (Beartaigh, Foghlaim, Máistrigh, Gnóthaigh) le daoine óga faoi mhíbhuntáiste atá idir 18 agus 30 bliain d’aois nach bhfuil fostaíthe ná ag gabháil d’oideachas agus oiliúint (NEETanna) a mbealach a aimsiú chuig an margadh fostaíochta ina dtír bhaile trí thacaíocht d’oideachas, do ghairmoiliúint nó d’fhostaíocht a chomhcheangal le socrúchán oibre i mBallstát eile den Aontas, chun a scileanna, a n-eolas agus a dtaithe a fheabhsú.
- (24) Bunaithe ar na ceachtanna a foghlaimíodh ó chur chun feidhme Mholadh 2011 ón gComhairle, ar léargais nua ón taighde agus ar chomhairliúcháin le páirtithe leasmhara, éilítear cur chuige níos leithne, níos cuimsithí agus níos córasaí i leith rathúlacht scoile, cur chuige lena dtabharfar aghaidh go comhuaineach ar an sprioc ar leibhéal an Aontais maidir le bunscileanna agus ar an sprioc maidir le luathfhágáil an oideachais agus na hoiliúna, agus lena ndaingneofar gné na folláine ina hiomláine. Leis an gcur chuige sin, ba cheart forbairt na n-inniúlachtaí a bhfuil gá leo a áirithiú chun go n-éireodh le daltaí san oideachas agus sa saol, agus ba cheart taithí fhóinteach foghlama, caidreamh, rannpháirtíocht níos leithne a bheith sa phobal agus aistriú rianúil chuig aosacht chobhsaí i ndán dóibh mar thoradh air.
- (25) An cuspóir maidir le tearcghnóthachtáil agus luathfhágáil an oideachais agus na hoiliúna a laghdú agus maidir le rathúlacht scoile a chur chun cinn, ní mór aghaidh a thabhairt air go córasach ar fud an Aontais trí oideachas agus oiliúint. Ar leibhéal an chórais, tá gá le comhsheasmhacht na mbeart beartais, comhordú le réimsí beartais ábhartha eile (amhail sláinte, seirbhísí sóisialta, fostaíocht, tithíocht, ceartas, imirce agus lánpháirtiú), agus comhar éifeachtach idir na gníomhaithe éagsúla ar gach leibhéal (náisiúnta, réigiúnach, áitiúil, scoile) chun tacaíocht chomhordaithe a thabhairt do leanaí, do dhaoine óga agus dá dteaghlaigh. San am céanna, ba cheart cineálacha cur chuige uilescoile a chur chun cinn ar leibhéal na scoile, lena gcuimseofar gach réimse gníomhaíochta (múinteoireacht agus foghlaim; pleanáil agus rialachas; etc.) agus na príomhghníomhaithe uile a bheith rannpháirteach iontu: foghlaiméoirí, ceannairí scoile, baill foirne teagaisc agus neamhtheagaisc, tuismitheoirí agus teaghlaigh, pobail áitiúla agus pobail ar bhonn níos leithne⁸⁸.
- (26) Urramaítear go hiomlán leis an Moladh ón gComhairle seo prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta,

AG MOLADH DO NA BALLSTÁIT

1. **Straitéis chomhtháite chuimsitheach maidir le rathúlacht scoile** a fhorbairt nó a neartú a thuilleadh faoi 2025, ar an leibhéal iomchuí, i gcomhréir le struchtúr a

⁸⁶ IO C 372, 4.11.2020, lgh. 1–9.

⁸⁷ Féach <https://ec.europa.eu/social/main.jsp?catId=1549&langId=en>

⁸⁸ Féach an sainmhíniú sa Doiciméad Inmheánach Oibre a ghabhann leis seo

gcórais oideachais agus oiliúna, d'fhonn torthaí oideachais a dhíchúpláil ó stádas socheacnamaíoch, an cuimsiú san oideachas a chur chun cinn (lena n-áirítear an méid sin a dhéanamh trí aghaidh a thabhairt ar an leithscaradh san oideachas) agus luathfhágáil an oideachais agus na hoiliúna, mar aon le tearcghnóthachtáil sna bunscileanna, a laghdú, mar a mholtar sa chreat beartais san Iarscríbhinn. Ba cheart aird ar leith a dhíriú ar an bhfolláine ar scoil mar chuid lárnach den rathúlacht scoile. Ba cheart a áireamh i straitéis den chineál sin bearta **coisctheacha, idirghabhála agus cúitimh** (lena n-áirítear bearta a thairgtear mar chuid den Rátháíocht don Aos Óg), ba cheart í a bheith **fianaisebhunaithe** agus **bearta uilíocha** a bheith comhcheangailte inti **le forálacha spriocdhíríte agus/nó pearsantaithe** le haghaidh foghlaimeoirí a bhfuil gá acu le haird agus tacaíocht bhreise i dtimpeallachtaí cuimsitheacha (amhail foghlaimeoirí ag a bhfuil cúlra faoi bhuntáiste socheacnamaíoch, cúlra imirceach – cúlra dídeanaí san áireamh – nó cúlra Romach, foghlaimeoirí faoi mhíchumas infheicthe agus dofheicthe, agus foghlaimeoirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais nó fadhbanna meabhairshláinte acu). Straitéis den chineál sin, ba cheart í a bheith bunaithe freisin ar **chomhar** struchtúrtha idir gníomhaithe a dhéanann ionadaíocht do réimsí beartais, leibhéil rialachais agus leibhéil oideachais éagsúla, ba cheart **cistiú** leordhóthanach a bheith ar fáil di agus ba cheart plean **cur chun feidhme agus meastóireachta** a bheith ag gabháil léi.

2. **Córais bailithe sonraí agus faireacháin** a fhorbairt agus a neartú a thuilleadh ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil, córais lena bhféadfar faisnéis chainníochtúil agus cháilíochtúil a bhailiú go córasach faoi fhoghlaimoirí agus faoi na tosca a mbíonn tionchar acu ar thorthaí foghlama, go háirithe cúlra socheacnamaíoch. Caithfidh na córais sin a bheith i gcomhréir le cosaint sonraí pearsanta agus leis an reachtaíocht náisiúnta. Ba cheart a áirithiú leo go mbeidh sonraí agus faisnéis imdhealaithe faoi raon leathan gnéithe ar fáil ar leibhéil éagsúla beartais agus go n-úsáidfear iad le haghaidh coisc agus luath-idirghabhála, anailíse agus dearadh beartais, agus chun na straitéisí thuas a stiúradh agus faireachán agus meastóireacht a dhéanamh orthu.
3. I gcomhthéacs straitéise comhtháite cuimsithí, bearta coisctheacha, idirghabhála agus cúitimh a chomhcheangal mar a leagtar amach sa chreat beartais san Iarscríbhinn chun tacú leis an méid seo a leanas:
 - 3.1. **na foghlaimeoirí**, trí bhearta éagsúla a chomhcheangal ar bhealach córasach lena dtabharfar tús áite do leasanna agus riachtanais na bhfoghlaimeoirí.
 - 3.2. **ceannairí scoile, múinteoirí, oiliúnóirí agus foirne eile**, trína áirithiú go bhfuil an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí acu, chomh maith le ham, spás agus tacaíocht leordhóthanach, chun oibriú go héifeachtach le foghlaimeoirí atá i mbaol eisiaimh, tearcghnóthachtála agus luathfhágála.
 - 3.3. **na scoileanna**, chun ‘cur chuige uilescoile’ a fhorbairt i leith rathúlacht scoile, cur chuige ina nglacfaidh gach ball de phobal na scoile (ceannairí scoile, múinteoirí, oiliúnóirí agus foirne oideachais eile, foghlaimeoirí, tuismitheoirí agus teaghlaigh, agus an pobal áitiúil), chomh maith le páirtithe leasmhara seachtracha, páirt ghníomhach i gcomhar le chéile chun rathúlacht oideachais a chur chun cinn le haghaidh gach foghlaimeora.
 - 3.4. bearta **ar leibhéal an chórais** chun feabhas a chur ar an gcothroime agus ar an gcuiimsiú san oideachas agus san oiliúint agus ar rathúlacht oideachais gach foghlaimeora, lena n-áirítear an méid sin a dhéanamh trí aghaidh a thabhairt ar

struchtúir agus sásraí a bhféadfadh tionchar díobhálach ar leith a bheith acu ar fhoghlaimoírí a bhaineann le grúpaí faoi mhíbhuntáiste

4. An úsáid is fearr is féidir a bhaint as **acmhainní** náisiúnta agus Aontais le haghaidh infheistíocht i mbonneagar, in oiliúint, in uirlisí agus in acmhainní chun cur leis an gcuimsiú, an comhionannas agus an fholláine san oideachas, lena n-áirítear cistí agus saineolas Aontais le haghaidh athchóirithe agus infheistíocht i mbonneagar, uirlisí, oideolaíocht agus timpeallachtaí sláintiúla foghlama a chruthú, go háirithe Erasmus+, an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, Ciste Sóisialta na hEorpa+, Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, an Clár don Eoraip Dhigiteach, Fís Eorpach, an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil, an Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, etc., agus deimhin a dhéanamh de go bhfuil úsáid na gcistí ag teacht leis an straitéis fhoriomlán.
5. Tuairisciú ar a straitéis, ar na bearta a ghlacann siad, ar shocruithe ábhartha faireacháin agus meastóireachta agus ar an mbuiséad a leithdháiltear laistigh de shocruithe tuairiscithe an Limistéir Eorpaigh Oideachais agus an tSeimeastair Eorpaigh.

AG IARRAIDH AR AN gCOIMISIÚN LEIS SEO:

1. Tacú leis an Moladh ón gComhairle a chur chun feidhme, chomh maith leis na tionscnaimh ghaolmhara amhail an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí, trí fhoghlaim fhrithpháirteach agus malartuithe a éascú i measc na mBallstát agus na bpáirtithe leasmhara ábhartha uile maidir le rathúlacht oideachais do chách tríd an méid seo a leanas:
 - 1.1. an creat straitéiseach le haghaidh comhar Eorpach san oideachas agus san oiliúint i dtreo an Limistéir Eorpaigh Oideachais agus níos faide anonn (2021–2030), inar príomhréimsí tosaíochta iad luathfhágáil an oideachais agus na hoiliúna a laghdú, inniúlacht sna bunscileanna a fheabhsú agus folláine na bhfoghlaimoírí, na múinteoirí agus na n-oiliúnóirí a chur chun cinn;
 - 1.2. gníomhaíochtaí a chur ar bun agus a chur chun cinn maidir leis an sainghrúpa um thacú le timpeallachtaí foghlama le haghaidh grúpaí atá i mbaol tearcghnóthachtála agus um thacú leis an bhfolláine ar scoil, sainghrúpa a bhrúfaidh ar aghaidh leis an obair chun dea-chleachtas a shainnithint i ndáil le timpeallachtaí foghlama tacúla agus sláintiúla a fhorbairt, agus meabhairshláinte, stíleanna maireachtála sláintiúla, agus folláine choirp agus mhothúcháinach a chur chun cinn (lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí aghaidh a thabhairt ar strus iarthrámach), agus chun an bhulaíocht agus an foréigean ar scoil a chosc, chomh maith le moltaí a dhéanamh maidir le glacadh éifeachtach cleachtas rathúil i scoileanna agus moltaí a dhéanamh maidir le gníomhaíochtaí múscaillte feasachta ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta.
 - 1.3. daoine óga a spreagadh le bheith rannpháirteach go gníomhach i gcur chun feidhme an Mholta ón gComhairle, trí Idirphlé Óige an Aontais Eorpaigh san áireamh, chun a áirithiú go gcuirfear san áireamh go hiomlán tuairimí, dearcthaí agus riachtanais daoine óga, lena n-áirítear iad siúd ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste.
 - 1.4. comhroinnt cleachtas rathúil (lena n-áirítear an phiarfhoghlaim agus an phiarmheantóireacht), treoirlinnte agus uirlisí praiticiúla chun tacú le dearadh, cur chun feidhme agus meastóireacht beartas agus cleachtas náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil, lena n-áirítear iad siúd a dhíríonn ar fhoghlaimoírí ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste, trí úsáid a bhaint as ardáin agus pobail ar líne an Aontais le haghaidh

oideachais agus oiliúna, lena n-áirítear r-Nascadh, an tArdán Eorpach nua don Oideachas Scoile, *Alumni Erasmus+*, ambasadóirí Cedefop chun dul i ngleic le luathfhágáil, Cúinne Foghlama le haghaidh ábhar foghlama ilteangach faoin Aontas.

- 1.5. úsáid deiseanna a scaipeadh agus a spreagadh chun an cuimsiú, an chothroime agus an fholláine san oideachas a chur chun cinn, a chothú agus a chumasú laistigh de chisté an Aontais, amhail Erasmus+, an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, Ciste Sóisialta na hEorpa+, Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, an Clár don Eoraip Dhigiteach, Fís Eorpach, an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil, an Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, etc..
- 1.6. tacú le taighde agus suirbhéanna ar fud an Aontais; cruthú líonraí taighde a spreagadh agus tacú le hidirphlé idir taighde agus beartas agus idir taighde agus cleachtóirí.
- 1.7. an tIdirphlé Struchtúrtha maidir le hoideachas digiteach agus scileanna digiteacha a chur san áireamh, lena n-áirítear na tograí le haghaidh Moltaí ón gComhairle a eascraíonn as sin.
2. Tacú le forbairt agus le scaipeadh ábhair treorach agus acmhainní maidir le rathúlacht oideachais le haghaidh gach foghlaimeora (maidir le himircigh a lánpháirtiú agus foghlaim teangacha freisin), i gcomhar leis na Ballstáit, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí ‘An t-oideachas cuimsitheach a chur chun cinn agus an luathfhágáil scoile a chomhrac’ de chuid na Foirne Eorpaí Uirlisí do Scoileanna, ‘An t-oideachas cuimsitheach a chur chun cinn agus dul i ngleic le luathfhágáil na scoile’, an Choimre Cleachtas Spreagúil maidir le hOideachas Cuimsitheach le haghaidh Saoránachta, agus foireann uirlisí gairmoideachais agus gairmoiliúna Cedefop chun luathfhágáil a chomhrac a fhorbairt agus a chur chun cinn a thuilleadh.
3. Tacú le deiseanna forbartha gairmiúla le haghaidh baill foirne oideachais agus páirtithe leasmhara eile tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:
 - 3.1. dea-chleachtas a chomhroinnt ó mhalartuithe foirne, tionscadail agus líonraí Erasmus+, lena n-áirítear é sin a dhéanamh tríd an bpobal r-Nascachta ar líne, trí Acadaimh Múinteoirí Erasmus+ agus trí na hIonaid Barr Feabhais Gairme.
 - 3.2. Cúrsaí oscailte ollmhóra ar líne (MOOCanna) agus micridhintiúir a chur ar fáil le haghaidh múinteoirí, oiliúnóirí, ceannairí scoile agus oideachasóirí múinteoirí, arna n-óstáil ag an Ardán Eorpach nua um Oideachas Scoile, agus úsáid leathan na gcúrsaí sin a chur chun cinn.
4. Faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar chur chun feidhme an Mholta ón gComhairle faoi chuimsiú an tSeimeastair Eorpaigh (lena n-áirítear é sin a dhéanamh tríd an Scórchlár Sóisialta athbhreithnithe) agus an Limistéir Eorpaigh Oideachais.
5. Faireachán a dhéanamh, chomh maith le tuairisciú tréimhsiúil, ar an dul chun cinn in aghaidh na spriocanna ar leibhéal an Aontais faoi chuimsiú na dtuarascálacha ar an Limistéir Eorpach Oideachais; machnamh a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir an faireachán ar leibhéal an Aontais a fheabhsú, go háirithe trí mheasúnú a dhéanamh ar na táscairí atá ann cheana ar leibhéal an Aontais agus trí tháscairí nua a mholadh, go háirithe maidir le cuimsiú agus cothroime, de réir mar is iomchuí agus is gá.

6. Aisghairtear an Moladh ón gComhairle an 28 Meitheamh 2011 maidir le beartais chun luathfhágáil na scoile a laghdú. [Leis an Moladh seo aisghairtear agus ionadaítear an Moladh ón gComhairle maidir le beartais chun luathfhágáil na scoile a laghdú an 28 Meitheamh 2011, IO C 191, 1.7.2011]

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*